

Pléaráca 2003

FOILSITHÉ AG PLÉARÁCA TEO AR ÓCAID NA FÉILE

€2.50

TIGH MHOIRIAN
09.27

An Tine Bheo

Rinceoir tine
Astrálach Ariel Nic
Uilic ag seoladh
Féile an Phléaráca
anuraidh ag Óstán
na nOileán i Leitir
Mealláin.

Photo:- Maidhc Ó
Seachnasai

• Cuairt na nAlbanach • Scéalta Taistil • Clár na Féile • Grianghrafanna •
Filíocht • Scríbhneoirí Óga • Plean Forbartha an Chontae

RAIDÍO

NA GAELTACHTA

www.rnag.ie

92 - 94 FM & 102.7FM

RTÉ

Liosta Buíochais

Eagarthóir na hIrise:
Peigí Ní Chonghaile

tacaíocht a thabhairt dóibh.

Fógraíocht:
Meta Uí Mháille

Stiúrthóir na Féile:
Barra de Bhaldraithe

Buíochas:

Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a thug cúnamh leis an ábhar a bhailiú agus a réiteach chomh maith le píosaí a scríobh don iris: Meta Uí Mháille, Ruaidhrí Ó Tuairisg, Séamas Ó Cualáin, Séamus Breathnach, Jackie Mac Donnacha, Micheál Mac an Iomaire, Morgan Ó Conchubhair; do na filí Gearóid Mac Lochlainn, Pádraig Ó Snodaigh agus do Jackie Mac Donnacha arís; do scríbhneoirí óga Chiorcal agus do Tom Barrett as ucht agallamh a dhéanamh. Buíochas do gach duine a thug grianghrafanna.

Do Sheán Ó Mainnín agus Ciarán Ó Súilleabháin a rinne an leagan amach slachtmhar ar an iris.

Do Europus a rinne an phrofáil.

Do fhoireann Chló dóirí Lurgan agus Micheál ó Braonáin.

Sé an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí. Is fiú

Coiste Oibre na Féile:

Gearóid Ó Murchú
Meta Uí Mháille
Mairéad Ní Chualáin
Réamonn Ó Mainnín
Máire Uí Chonaola
Tommy Cevan Ó Níaidh
Seán Ó Maidín
Jackie Mac Donnacha
Peigí Ní Chonghaile
Peadar Ó Tuathail
Linda Ní Dhroighneáin
Fiona Ní Fhlatharta
Patrick Ó Máille
Peigín Leitir Móir 2003
Máire Ní Chualáin

Tá Coiste Oibre na Féile buíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh agus tacaíocht:

Mairéad Ní Chonaire
Coiste Pobail Chamuis
Seán Bán Breathnach
Diarmuid de Faoite
Lara Ní Chathmhaoil
Seán Ó Flaithearta
Dara Ó Conaola
Lasairfhiona Ní Chonaola
Brid Ní Churraoin
Ciar "Ar Shlí na Fírinne"
Micheál Ó Cuaig
Joe Steve Ó Neachtain
Foireann Seanscoil
Sailearna
Pádraig Ó Duinnín
An Contempo Quartet
Máire Ní Fhinneadha
Gearóid Mac Lochlainn
Celia de Fréine
Norita Ní Chartúir
Nils Udo
Johnny Connolly
Greg Ó Braonáin
Cló Iar-Chonnachta

Josie Sheáin Jeaic Mac Donnacha
Seán Garvey
Séamus Ó Beaglaioich
Banna Ceilí an Tulla
Ealaíontóirí sna Scoileanna: Colm de Bhaldraithe, Liam Mac Uistín, Colman Ó Raghallaigh, Gwyn Uí Ghaora, Vivian Lynn, Deirdre Power

Máirtín Tom Sheáinín
Sorca Nic Dhonnacha - Údarás na Gaeltachta
Micheál Mac Eoin, Údarás na Gaeltachta
Majella Ní Chríocháin - Údarás na Gaeltachta
Tomás Mac an Iomaire - Rna G
Pádraig Ó Ráinne - TG4
Coiste Áirneán Scoil na hAirde

Sinéad Ní Ráinne,
Europus
Áine Ní Chonghaile,
Europus
Na Foirne Curachai
Áras MhacDara ar an gCeathrú Rua agus coistí Ionaide Lae Chonamara
An Spailpín Fánach
Liam Ó Conghaile DJ,
Leabharlann na Ceathrún
Ruaidh
Coiste na Crannóige,
Rosmuc.
Ceoltóirí agus
Cuairteoirí Nis

Na Moltóirí
Na tithe Ósta a thug urraíocht agus ar heagraíodh imeachtaí iontu.

Buíochas speisialta do fhoireann Raidió na Gaeltachta

Clár na hIrise

2 Eagarfhocal

5 Campa Samhraidh

6 Ó Siracusa go Cloch na Rón

11 John Killeen — Gaiscíoch Iománaíochta

15 Scríbhneoirí Óga

23 Gradam an Phléaráca

24 Clár na Féile

26 Imeachtaí na Féile

30 An Saol fadó i bpictiúir.

31 Ó Éirí go Luí na Gréine.

36 Plean Forbartha an Chontae.

40 Fáilte roimh mhuintir Nis.

43 Na Filí

47 Ealaíontóirí sna Scoileanna

49 'T. Barrett of Boston'

54 Bealach: Iompar Áitiúil Chonamara

58 Tréimhse ar Chnoc.

60 Grúpa Siúlóide Chonamara.

PRÍOMHURRAITHE NA FÉILE

Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Áras na Scríbhneoirí, Éigse Éireann, Iomairt Cholmcille

Eagarfhocal

Is léir le tamall anuas go bhfuil sé ar intinn ag an Tánaiste Mary Harney an plug a tharraingt ar na scéimeanna fostaíochta pobail. An fáth a thugtar ná go bhfuil folúntais fostaíochta sna cathracha agus sna bailte móra nach bhfuiltear in ann a líonadh. An méid sin ráite táthar ag cur go tréan leis na figiúirí difhostaíochta seo le roinnt míonna anuas le monarchana ag leagan amach na céadta oibrí beagnach chuile sheachtain.

Tá an líon daoine a bheidh i dteideal clárú do scéimeanna fostaíochta pobail gearrtha siar 5000 le bliain agus tuairiscí ag teacht chun cinn anois go bhfuiltear chun 5000 eile de phostanna ó scéimeanna FÁS a ghearradh. Sa ngearradh siar agus athstruchturú atáthar a dhéanamh ar na scéimeanna, níl idirdhealú ar bith á dhéanamh idir na cathracha inár chruthaigh an tíogar ceilteach fostaíocht agus na bailte beaga faoin tuath nach bhfacthas iontu ná nár shroich an tíogar ceilteach riamh iad. Cuirfidh na rialacha nua deireadh le fostaíocht pobail i gceantair thuaithe agus deireadh freisin le seirbhísí riachtanacha a chuirtear ar fáil faoi na scéimeanna.

Nuair a bunaíodh na scéimeanna fostaíochta pobail ar dtús, ní mórán smaoinimh a cuireadh isteach iontu. Ní raibh plean oibre ceart leagtha amach do na hoibrithe ná coinníollacha do na coistí a bhí ina bhfeighil, rud a thug drochainm do na scéimeanna. Ach tháinig athrú air sin. Bunaithe ar riachtanais choistí deonacha agus eagrais aitiúla cuireadh seirbhísí ar fáil sa bpobal a chuidigh leis an aosach, le hionaid lae, naíonraí, scoileanna, timpeallacht agus obair phobail go ginearálta. Fuair a raibh páirteach traenáil agus taithí mhaith oibre i réimsí éagsúla.

Líon an obair agus na seirbhísí a cuireadh ar fáil faoi na scéimeanna FÁS bearna ba cheart a bheith líonta ag seirbhísí rialtas aitiúil, go mór mór i gceantar thuaithe. Chuir an obair a rinne na scéimeanna feabhas ar shaol mhuintir na tuaithe agus go háirithe ar shaol na n-oibrithe féin. Chruthaigh an obair féinmhuinín agus mórtas ní hamháin i measc lucht na scéime ach sa bpobal go ginearálta. Thug an traenáil a bhí mar chuid den scéim, deiseanna maithe do dhaoine freastal ar chúrsaí agus ar cheardlanna, agus d'éirigh le go leor

Scéimeanna Fostaíochta Pobail i mBaol

fostaíocht a fháil dá bharr seo. I gceantair áirithe tuaithe, is iad na scéimeanna FÁS an rud is gaire d'fhostaíocht a bhí ná a bheas ar fáil, mar nár shroich an tíogar ceilteach go leor de na ceantair sin.

Bíonn laghmhisneach ag cur as do dhaoine atá difhostaithe go fadtéarmach. Thug na scéimeanna daoine le chéile agus don chéad uair ó d'fhág go leor acu an scoil bhí ról agus páirt lárnach acu sa bpobal, rud a thug misneach agus féinmhuinín dóibh.

De réir suirbhé a rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh i 2000 ar an gceantar a thagann faoi oifig na Gaillimhe, bhí 3538 duine difhostaithe, 1579 acu sin go fadtéarmach. Bhí 43% acu ina gcónaí i gceantair thuaithe. Cruthaíodh sna figiúirí go raibh ceangal láidir idir a bheith difhostaithe go fadtéarmach agus easpa scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a bheith ag duine. Go dtí gur tháinig toradh an tsuirbhé thuas amach ní raibh aon bhéim ar thacaíocht scríobh agus léamh mar chuid den traenáil, cé go raibh eagrais agus coistí ag iarraidh aird a tharraingt ar an bhfadhb agus go raibh cuid den dream a bhí ar scéimeanna ag éileamh tacaíochta.

Níl an obair seo ach tosaithe anois agus níor cheart gearradh siar uirthi.

De réir rialacha FÁS mar atá siad, is tréimhse bliana atá i gceist le scéim agus is trí bliana an t-achar is faide gur féidir le duine a chaitheamh ar an scéim. De réir na gcoinníollacha tá traenáil agus taithí oibre le fáil ag oibrithe lena n-ullmhú i gcomhair fostaíochta le linn na tréimhse sin. I gceantair thuaithe, le daonra íseal, beidh an uimhir daoine a bheas cáilithe le dul ar scéim ídithe tar éis trí bliana. Ní bheifear in ann na folúntais ar na scéimeanna a líonadh agus cuirfidh sin deireadh leis na scéimeanna. Beidh ar na daoine atá difhostaithe go fadtéarmach dul ar ais ar an dól agus fanacht air. Níl mórán

maitheasa a bheith ag rá le daoine atá leathchéad míle nó os a chionn ón gcathair go bhfuil neartjabanna le fáil sa gcathair.

Níl córas taistil ag go leor acu. Is tuismitheoirí aonair cuid mhaith (25% dóibh siúd ar an scéim fostaíocht pobail) nach bhfuil aon soláthar cúraim leanaí ar fáil dóibh. Tá cuid eile ag déanamh cúraim do ghaolta atá níos sine nó tinn agus ní féidir leo dul achar fada ón mbaile. Seo iad na cineál daoine faoin tuath a ndéanann na scéimeanna fostaíochta pobail soláthar dóibh agus a thugann saol dóibh taobh amuigh dá gcúraim bhaile.

Níor cheart deireadh a chur le córas a thugann dinít do dhuine.

Cuirfidh na hathruithe seo deireadh leis na seirbhísí tacaíochta atáthar a chur ar fáil sa bpobal faoi na scéimeanna. Dá mbeifí cinnte go gcuirfeadh an rialtas airgead ar fáil chun daoine a fhostú chun ionaid lae a ritheacht, cúntóirí a chur i naíonraí agus i scoileanna agus i seirbhísí riachtanacha eile sa bpobal, bheadh dóchas éicint ann. Ach is ag spáráil pingineacha atáthar ag cur na gciortuithe sna scéimeanna i bhfeidhm agus níl dóchas ar bith go bhfuil an rialtas chun aon airgead ceart a chaitheamh ar sheirbhísí riachtanacha faoin tuath.

Má tá athruithe le cur ar struchtúr na scéimeanna fostaíochta pobail, is gá aitheantas a thabhairt don difríocht atá idir saol na cathrach agus saol na tuaithe, an difríocht is bunúsáigh ná an léibhéal daonra atá iontu. Ní hiad na coinníollacha céanna a oireann mar nach bhfuil na deiseanna fostaíochta faoin tuath. Tá sé in am scéim a dhearadh do cheantair thuaithe a thógann san áireamh na cúinsí seo agus a dhéanann freastal freisin ar riachtanais seirbhísí sóisialta faoin tuath.



UNIVERSITY of LIMERICK
OLLSCOIL LUIMNIGH

Cúrsa Scríobh Ilmheán

Reachtáilfear cúrsa sa scríobh ilmheán faoi choimíre *Muintearas*, an Togra Oideachais Gaeltachta agus Coláiste na Ríomheolaíochta agus na gCóras Eolais, Ollscoil Luimnigh ó Mhí Dheireadh Fómhair 2003 go dtí Mí na Bealtaine 2004. Is cúrsa trí mheán na Gaeilge é seo.

Múinfeadh scileanna a bhaineann le húsáid agus cur in eagar na meán i gcomhthéacs ríomhaireachta, idirlín agus dlúthcheimíní (CD-Rom). Beidh an bhéim ar an obair phraiticiúil. Ar na hábhair don teastas Ollscoile sa scríobh ilmheán, beidh: forbairt phearsanta, scileanna cumarsáide; ionduchtú ginearálta den ríomhaireacht; fuaim; fis; digitáil; scríobh ilmheán; graifíci; beochan; tionscadal pearsanta 1; tionscadal pearsanta 2; scileanna fostaíochta, gnó agus flonair. Táthar ag féachaint ar fhorbairt an chúrsa seo go leibhéal an Dlopláma amach anseo.

Is féidir le daoine ón nGaeltacht, taobh amuigh den Ghaeltacht agus ó na sé chontae cur isteach ar an gcúrsa. Reachtáilfead é sa chaoi is go mbeidh rannpháirtithe as ceantair éagsúla in ann páirt a ghlacadh ann óna gceantair féin. Beidh taisteal go

dtí ceardlanna áirithe i gceist chomh maith.

Riachtanais iontrála: Ardteist, nó as cionn 23 bliana d'aois. Gearrfaidh tálle ar an gcúrsa seo.

Sprioc le haghaidh iarratais: Dé hAoine 3 Deireadh Fómhair 2003.

Tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais

Muintearas, an Togra Oideachais Gaeltachta, Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe.

Guthán: 091-551145 / 551412

Facs: 091-551277 / 551323

Ríomhphost: larionad@eircom.net

nó

Ionad an Bhuanoidéachais, Ollscoil Luimnigh, Luimneach.

Guthán: 061-333644

Facs: 061-330316

Ríomhphost: lifelonglearning@ul.ie

www.ul.ie

Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH

Ceapach na gCapall

Suíomh:

Tá an t-ionad suite ar bhruach Loch Measca, le Loch Coirib ag síneadh ó dheas, Sléibhte Mhám Tuirc san lathar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisí Stáit san oirthear. Tá Ceapach na gCapall suite i gceantar fíor álainn agus tá 15 acra tailte cóirithe mórchimpeall an ionaid chomh maith le 15 acra ar an oileán Rua, 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

Áiseanna:

Tá áit chodlata do suas le 100 duine ar fáil san ionad agus i dTeach Mór Cheapach na gCapall féin. Tá suanliosanna agus seomraí ar fáil, ag brath ar éileamh na ngrúpaí éagsúla. Tá áiseanna campála ar fáil sa deá láthair campála ar an suíomh. I measc na n-áiseanna eile tá seomra bia mór, seomra teilifíse, seomra le héadaí a thriomú, garraí mór do pháistí le cluichí a imirt, cúirt cispheile, deis cócaireachta faoin aer, suíomh tine champa.

Gníomhaíochtaí — Ar an suíomh

- Eachtraíocht faoin aer do ghrúpaí lae agus do ghrúpaí cónaithe
- Staidéar Dúlra: Geolaíocht, Tíreolaíocht agus Eiceolaíocht do mhic léinn iarbhunscoile agus tríú leibhéal
- Cúrsa forbartha foirne
- Cúrsaí i mBainistíú ar Oideachas faoin aer
- Curachóireacht, dreapadóireacht, rianadóireacht, seolmharcaíocht toinne agus seoltóireacht
- Snámh agus campáil
- Cúrsaí i nGaeilge
- Campaí Samhraidh

Gníomhaíochtaí — fad siúil ón ionad

- Ailleadóireacht
- Dreapadóireacht
- Siúl sléibhe
- Coireoireacht

Tuilleadh eolais ar fáil ó

Patricia Walsh (bainisteoir)

Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall
An Fháirche, Co. na Gaillimhe

Uimhir Ghutháin: 092-46483/46416 Uimhir facs: 092-46705

Scoth na scríbhneoireachta



Tá scoth na scríbhneoirí ag cruthú rogha leathan de leabhair Ghaeilge don uile léitheoir.

Ficsean, filíocht, faisnéis...
tá rogha níos leithne ná riamh ann anois.
Bí á léamh!



... scoth na Gaeilge

ÁIS

31 Sr. na bhFiníní,
BÁC 2, Éire.

T: +353-1-661 6522/6259

F: +353-1-661 2378

Aonad de chuid



Foras na Gaeilge

Campa Samhraidh

Seo cuid de na gasúir a d'fhreastáil ar
Champaí Samhraidh Phléaráca i mí Iúil 2003



Ó Siracusa go Cloch na Rón

Faigheann muid, a bhfuil sé d'adh orainn seoladh le Paddy Barry le blianta, *bulletin* uaidh, mar a thugann sé féin air, go luath sa mbliain, ag insint faoi na pleananna seoltóireachta a bhíonn aige don Samhradh. Is iondúil gur turas ar chósta thiar na hÉireann nó síos go Ciarraí agus Corcaigh a bhíonn i gceist. Mar is gnáth, tháinig an *bulletin* i mbliana, ach níor chreid mé mo dhá shúil nuair a chonaic mé go raibh sé beartaithe aige bád a thabhairt as an tSicil go Cloch na Rón. An mbeadh spéis agam ann? An ólann cat bainne? An Caitiliceach é an Pápa?

Chaill Paddy a bhád mór, an St. Patrick i mí Bealtaine '02 thíos i gCorcaigh agus cheannaigh sé luaimh in aice le Trieste san Iodáil. Sheol sé féin agus cairde leis an bád síos chomh fada le Siracusa in oirthear na Sicile i mí Bealtaine '03. Bhí sí le tabhairt abhaile go hÉirinn. Ar an 25ú Meitheamh, chas seachtar againn le chéile in Aerphort Stanstead i Londain, Paddy Barry, Seán Mullen as Baile Átha Cliath, Donncha Ó hÉallaithe, Raphael Mac Giolla Chomhain as Co an Dúin, Danny Mac Síthigh as Baile Eagraise i gCorca Dhuibhne, a bhí i Meiriceá agus ar an turas as Trieste le Paddy agus mé féin. D'éitil muid síos go dtí an Róimh. As sin fuair muid traen oíche go Siracusa.

D'ith muid bricfeasta i Siracusa agus muid báite

le hallas cheana féin ag a deich a chlog ar maidin. Bhí an bád ansin sa marina agus Kratos mar ainm uirthi, bád rásaíochta a rinneadh i 1979. Bhí sí déanta as cruach, í 45 troigh ar fad, dath dubh uirthi agus crann dubh. Tá áit codlata ag ochtar nó naonúr istigh inti. Tá sí féin-stiúrtha agus níl tada le déanamh ach cúrsa a leagan amach agus cead cos a thabhairt di. Chomh maith leis sin tá na cairteanna seoltóireachta ar ríomhaire agus is féidir díriú isteach ar áit ar bith ar domhan.

Chaith muid píosa de lá i Siracusa ag siúl timpeall agus ag ceannacht bia don turas. Bhí an margadh

iontach – chuile shaghas éisc, cloigne móra agus cloigne beaga, chuile dhath faoin spéir, chuile chruth, fir agus mná ag fógart agus ag screadach, daoine ag ceannacht agus ag margáil. Chuile chineál tortha, bán, buí agus breac. Agus mar a raibh glasraí ann! Is beag nach raibh said á dtabhairt uathu gan tada.

D'fhág muid ag 10.30pm. Is mór an spóirt a bheith ag seoladh san oíche, go háirithe má tá an aimsir go breá. Tá ciúnas, suaimhneas, réalta agus áilleacht na hoíche agat, corr-bhád ag castáil leat agus fosfar san uisce.

Bhí teas uafásach againn, suas le 37 céim ar chúl na gréine. Bhíodh chuile dhuine ag dul i bhfolach ón ngrian ar feadh an lae. Bhí fuarú breá san oíche. Chuaigh muid ag snámh den bhád chuile lá, cuid againn níos fearr ná a chéile. Ó, a dheartháir, bhí cuid acu siúd níos fearr ná na deilfeanna a bhí timpeall orainn chuile lá. Ach an bheirt a tógadh ar bhruach na mara, mé féin agus Danny, b'fhurasta labhairt linn sa bhfarraige. Shroich muid Agrigento,


timpeall 6.00pm.

Ní raibh aon ghanntan cócairí ar an mbád. Go deimhin mura mbeadh tú sa ngailí in am, chaillfeá do sheans. Bhí an bia thar barr ar fad, clár bia cuimsitheach agus fíon den scoth ar 3euro an buidéal. Chaith Danny píosa mór ag caint ar throscaidh a dhéanamh. Dár leis bhí sé go maith ag an anam agus ag an gcolainn. Ach bhíodh an béile chomh maith chuile lá go gcuirfeadh sé an troscadh ar athló go dtí lá arna mhárach. Cearca Chrích Lochlainn mo sheanmháthar fadó! Ámarach b'fhéidir! Is é Donnacha is mó a bhuaigh an rás go dtí an Gailí ach b'fhéidir gur fanadh siar mar go raibh a fhios againn go maith go gcuirfeadh sé sárbhéile ar fáil. Agus mar a raibh glaoch ar chaifé, ar shailéid agus ar mhil Ruairí Breathnach. Ós ag caint ar Ruairí mé, ní gá a rá go bhfuil togha na Gaeilge aige ach níos fearr ná sin, tá sé in ann a chanúint a chur in oiriúint d'aon Ghaeltacht a bhfuil sé inti. Sílimse gur rugadh é i gCeathrú Thaidhg, in Oileán Thoraigh agus in Inis Meáin. Dár mo choinsias bhí an cleas céanna ar siúl aige ar an turas seo. Shíl muintir na Sicile gur duine díobh féin é agus níos deireanaí nuair a bhí muid sa ➤

"Ar Seachrán" i Sagres, An Phortaingéil

Nuair a tháinig cuireadh ó Phaddy Barry go dtí Ruaidhrí Ó Tuairisg bád a thabhairt as an tSicil go Cloch na Rón ní raibh gá dó mórán machnaimh a dhéanamh. Déanann sé cur síos ar an turas, na tíortha agus na bailte a chonaic sé le linn an aistir.





(Thuas) Danny, Donncha, Seán, Paddy, Raphael, Ruaidhrí. É ina chathair amach ó chósta na Spáinne.

Spáinn, by dad bhí sé in ann cocaireacht a choinneáil leo siúd. Tá mé cinnte dá mbeadh sé linn go mbeadh an Phortaingéilis agus Gallego Galicia aige freisin.

Gleann na dTeampall

Tá cáil ar Agrigento mar gheall ar Ghleann na dTeampall. San áit seo, tá na teampaill Ghréigeacha is áille taobh amuigh den Ghréig.

Ach chaill muid allas ag siúl timpeall orthu. Is fíor an méid a dúirt Noel Coward "Only mad dogs and English men go out in the noonday sun". D'fhéadfá cúpla fear as Éirinn a chur leo siúd. Téann chuile dhuine le splanc céille ar bith isteach ón ngrian idir 1.00 agus 5.00pm. Dúntar siopaí agus níl deoraí ar na sráideanna. Bhí muid ag foghlaim.

Ar aghaidh go dtí Oileán Favignana, Lá'1 Peadar 's Pól, áit a ruaigtear an tuna suas ar

an trá cúpla uair sa mbliain agus maraítear iad. Ní maith le turasóirí é seo ach is cuid de shaol na ndaoine é. An t-aon locht a bhí agam ar an turas ná na marinas. B'éigean dúinn iad a úsáid le díosal agus bia a cheannacht. In áit amháin nuair a d'fhiafraigh muid cá raibh an leithreas dúradh "au natural", síos ar chúl na céibhe. Cosnaíonn siad timpeall 45 euro san oíche, (bhí 90 euro ar cheann amháin). Ach ní faoi sin atá mé ag clamhsán. Bhíodh na céadta bád istigh chuile oíche ach ní raibh craic dá laghad in aon áit. Ní fheicfeá duine de mhuintir na háite, ach lucht na mbád ag tabhairt sciúradh na cuinneoige ar a gcuid bád.

Go dtí Sardinia

Turas fada go dtí Sardinia, timpeall 150 míle. D'ardaigh an ghaoth go dtí fórsa 5 agus chuir an bád a cloigeann fúithi agus seo léi ag déanamh 7 nó 8 knot. Chonaic mé



an chéad mhíol mór, tuairim 100 slat ón mbád agus é ag scárdadh uisce san aer. Ach is ar éigin go raibh éan ar bith le feiceáil in aon áit.

Isteach go Cagliari. Ar maidin ar aghaidh chuig oileán beag eile, Isola de san Pietro, áit an-deas. Ina dhiaidh sin bhí turas fada 200 míle romhainn go hOileáin Balearic na Spáinne. Menorca an chéad cheann. Neart gaoithe againn faoi bhealach. Chonaic mé turtar mór in aice linn. Bhíodh an oiread deilfeanna ag déanamh spraoi timpeall an bháid chuile lá. Is mór an áilleacht iad. Lá arna mhárach chuaigh muid go Mallorca. Sílim gur chuir an t-oileán seo iontas orainn uilig mar gheall ar a chuid áilleachta. Chuaigh cuid den chriú ar shiúlóid mór fada sna sléibhte.

Chuaigh mé féin agus Donncha go Palma, trasna an oileáin as Soller ar thram agus ar shean-thraein álainn. Domhnach a bhí ann agus bhí an siesta ar siúl agus chuile áit



dúnta. Meas tú cén chaoi a bhfuil ag éirí le hiománaithe na Gaillimhe inniu? Chonaic muid an Banyes Arabas, áit folcaidh meánaoiseach Arabach. Bhí sé go haoibhinn. Ar ais ar an traein. Ansin shiúil muid chuig dhá shean-bhaile i sléibhte Serra de Tramuntana, Biniariax agus Fornalutx, na bailte is deise a deirtear sna hoileáin seo, an áit brataithe le crainnte oráiste agus liomóide. Ná bí ag caint ar an mboladh álainn. Tá sé i mo pholláirí fós. Agus sú na n-oráistí.

"Rip off Ireland"

Tá go leor cainte anseo sa mbaile anois agus an-údar leis faoi "rip off Ireland". Sna tíortha seo ar fad bhí gloine beorach agus caifé le fáil i do shuí taobh amuigh ar níos lú ná dhá euro. Bhí béile breá agus fíon le fáil ar 15 euro. Ina dhiaidh sin chuaigh muid chuig Oileán Ibiza. Marina mór millteach le timpeall 700 bád ann. ➤

(Thuas) Paddy Barry ar a bhád "Ar Seachrán" timpeall 150 míle ó dheas d'Éirinn.

Neamhphearsanta, gan aon chraic. Na mílte ar na tránna ag déanamh a ngoradh leis an ngrian. Gan tada eile le déanamh ach é. Turas fada go cósta na Spáinne, Puerto San Jose, ó dheas d'Alicante. Chaith muid oíche i gcalafort oibre i Puerto de Motril agus bhain muid an-sásamh as café/teach ósta lán le muintir na háite agus Ruairí ag cur agus ag cúiteamh leo.

Ar maidin d'imigh muid go Malaga. Anseo bhí cuid den chriú ag imeacht agus daoine nua ag teacht. D'imigh Donncha, Danny, Seán agus Ruairí. Ina n-áit sin fuair muid ceathrar eile - Fred, deartháir Phaddy; Cathal, mac Phaddy; Alphonsus Lennon agus Harry Connolly. Bhí béile breá ag an aon dhuine dhéag againn le chéile i Malaga.

Chroch muid seolta ar maidin, ag déanamh ar Gibraltar agus gaoth láidir san éadan orainn. Soilse na hAfraice deich míle ó dheas uainn. Bhí Raphael ag beartú réabhlóide agus é ag iarraidh an charraig a thabhairt ar ais do na Spáinnigh ach loic an chuid eile againn. An-trácht ar fad timpeall ar chaolas Gibraltar. Go leor taincéirí móra ar ancaire freisin. Rinne muid mar a dúirt Christy Moore "turn right at Gibraltar". Ach ní baileach gur féidir casadh chomh scioptha sin. Tá cuan mói Cadiz romhat. Sa gceantar seo a throid fórsaí Napoleon agus Nelson ag Trafalgar sa mbliain 1805. Bhuaigh na Sasanaigh ach maraíodh Nelson.

Aimsir níos fuairo anois san Atlantach agus níos gaofaire. An Algarve a thugtar ar an gcuid seo de chósta na Portaingéile. Isteach chuig baile beag Sagres. Chuaigh cuid den chriú chuig Caisleán Anraoi an Navigator.

"Bíodh an diabhal ag an gcultúr" arsa mise agus Raphael agus chuaigh muid ar shiúlóid tríd an seanbhaile. Is gearr go bhfuair muid boladh sicín á róstadh ar barbeque agus lean muid an boladh, sróin san aer, cosúil leis na Bistop Kids.

Sean-chaifé áitiúil le muintir na háite. Is beag nár íoc siad muid as ucht fíon a ól, bhí sé chomh saor sin. Ní raibh aon sicín fágtha ach fuair muid pláta mór muiceoil rósta, arán agus fíon ar cheithre euro. Bhí dinnéar le n-ithe againn fós ar an mbád ach bíodh an fheamainn aige, lá maith a bhfaighidh tú dhá dhinnéar. Bhí sé blasta. Cúpla míle ó Sagres, chuaigh muid timpeall ar Cabo de Sao Vicente, an gob thiar theas den Phortaingéil agus anois bheadh ár dturas díreach ó thuaidh.

Droch aimsir

Droch aimsir an oíche sin, farraigí an-arda agus corrmhúr báistí, an chéad bhraon ó d'fhág muid Éirinn. Chaith muid oíche i gCascais, in aice le Lisboa, ach ní raibh muid sa gcathair. Tá suas le seasca míle de thrá idir Lisboa agus Porto agus dheamhan mórán daoine a bhí le feiceáil air, ró fhuar is dócha. Isteach go Porto agus bhí béile breá againn i mbialann ar bhruach an Douro. D'ith mé pláta sairdíní úra ar dtús agus ní hiad na rudaí beaga atá sna boscaí stain a bhí ann, ansin pláta cudail agus pláta bolg bó agus pónairí ina dhiaidh sin. Bhí mé i gcruith pléasctha. Craos cinnte.

Lá arna mhárach bhí seoladh iontach againn faoi spionacair mór millteach, agus muid ag dul go Bayonne, baile beag sa Spáinn in aice le Vigo. Tá muid i gceantar Galicia anois, ceantar Ceilteach na Spáinne. Is go dtí an baile seo a d'fhill Columbus as na críocha Meiriceánacha agus tá macasamhail an Pinta, ceann dá chuid bád sa gcalafort. Is baile beag álainn é seo agus na tithe déanta as eibhir. San oíche, d'aimsigh mé féin, Raphael agus Harry sean-chaifé ceart agus is as cineál fó-chupáin a bhí muid ag ól fíona. Ar maidin, chuaigh muid ar cheann d'Oileáin Las Estelas, sraith d'oileáin bheaga amach ón gcósta, trá álainn ann ach níl aon chónaí ann anois.

Ag snámh agus ag siúl timpeall agus ar aghaidh go dtí Portasin.

Bhí ainm nua déanta amach ag Paddy le cur ar an mbád agus rinneadh an beart anseo.

"Ar Seachrán" a hainm feasta. B'éigean dom féin agus do Harry siopadóireacht mór a dhéanamh mar bhí turas fada romhainn go hÉirinn.

Chonaic muid arís cé chomh saor agus a bhí earraí sa Spáinn i gcomparáid leis an mbaile. An oíche sin bhí béile againn i mbialann a bhí díreach cosúil le Fawlty Towers. Níl a fhios agam an bhfuair aon duine an rud a bhí uaidh ach bhí an-chraic againn.

Ar maidin, d'imigh Fred agus Cathal abhaile agus d'fhág muid ag 8.15a.m. ar ár mbealach go hÉirinn. Bhí gaoth aniar-aduaidh ann agus rinne muid 550 míle ar bhord amháin go dtí gur shroich muid An Daingean. Ag teannadh le cósta na hÉireann, bhí an ghaoth sách láidir, suas le fórsa 8 ach ní raibh stró ar bith ar an mbád. Suas le 10knot, Dé Céadaoin 23 Iúil ag 2.10p.m. chonaic muid Oileán Dursey i bhfad uainn. Shroich muid an Daingean ag 8.30p.m.

Baile Eaglaise

Chaith mé an oíche le Danny agus le Máire Mhic Síthigh i mBaile Eaglaise. Chaith muid lá arna mhárach sa Daingean. Droch lá báistí. Is cinnte go bhfuil muid ar ais in Éirinn. Thug muid cuairt ar Cheardscoil an Daingin, áit a raibh Danny ag déanamh naomhoíge.

Ar aghaidh go dtí An Blascaod Mór ar maidin. Bhí Danny anseo leis an turas a chríochnú go Cloch na Rón. Ag ól caifé agus ag siúl timpeall. Crochadh ancaire an oíche sin agus suas go Cill Rónáin. Oíche óil agus ceoil i dTigh Fitz i gCill Éinne. Dé Domhnaigh agus an turas ó thuaidh go Conamara, ach b'éigean cuairt a thabhairt ar Oileán Mhic Dara. Le céibh i gCloch na Rón timpeall 6.00pm.

John Killeen



Gaiscíoch Iománaíochta

Séamus Ó Cualáin

An té nach mbeadh eolas cruinn aige ar chúrsaí iománaíochta i nGaillimh ó lár na ndaichidí go blianta tosaigh na gcaogaidí is dóigh go ndéarfadh sé leis féin gur chruthaigh foireann an chontae thar cionn ar fad de bharr na ngradam a rug said leo in imeacht na tréimhe sin. Gan amhras ar bith rinne na sárfhir gaisce agus Corn an Bhóthar Iarainn a bhreith leo ar a gconlán féin i 1947 - éacht a bhí inchurtha le beart pheileadóirí Chiarraí i 1927.

Go deimhin rachainn níos faide agus déarfainn go raibh sé níos fearr ná sin fós de bhrí go raibh an choimhlint níos déine agus an comórtas bunaithe go daingean i 1947. Ina theannta sin bhuaigh na Gaillimhigh Corn Thomáis Ághas faoi dhó (1950 is 1952) agus chuaigh said ar thuras go S.A.Mh. i 1951 nuair a ghnóthaigh said an Sraithchomórtas Náisiúnta.

Ach in aineoinn na gcaithréimeanna sin creidim féin gur bheag an luach saothair agus cúiteamh iad d'fhoireann a bhí chomh cumasach le báireoirí na

Gaillimhe na blianta úd. Ba chóir go mbeadh Corn Mhic Chárthaigh buaite acu faoi dhó ar a laghad - i 1947 is i 1952 nó '53 - agus tá an t-iománaí dílis dúthrachtach, Jimmy Duggan, den bharúil chéanna: "I would say that from 1940 to 1953 Galway should have won at least one, if not two All-Ireland hurling titles".

Is truamhéalach le hinsint nach raibh i ndán do na hiománaithe oile ealaíonta seo ach tubaiste I ndiaidh tubaiste agus díomá as éadan ar an ród le Craobh na hÉireann a bhuachan.

Scalladh croí dúinn a ndeir an cúl báire dochloíte, Seán Duggan: "the glamour attached to an American trip fades away, but the achievement of winning an All-Ireland lasts forever". Agus is léir duifean croí is díomá freisin i ráiteas Josie Gallagher, curadh na gcéadta comhrac: "I would have preferred to get one All-Ireland medal than all the trips to America, and all the other honours I won".

Scoth Imreora

Ar an bhfoireann an tráth sin bhí John Killeen - scoth fir ó Thigh Neatha - a thug i gcuideachta Fr. Paddy



Foireann na Gaillimhe a fuair an lámh in uachtar ar Loch Garman i gcluiche ceannais Chomórtas Iomána Oireachtais i 1952. Ar gcúl ó chlér: Ned Quinn, Tadhg Kelly, John Molloy, Colum Corless, Tommy Moroney, Billie Duffy, Hubert Gordon, Billie O'Neill. Chun tosaigh, ó chlér: John Killeen, M. Burke, Padraic Nolan, Joe Salmon, M.J. 'Inky' Flaherty, Josie Gallagher, Sean Duggan.

Gantley forlámhas i lár na faiche do Ghaillimh. B'fhéidir gur deacair a chreidiúint anois ach is fíor go bhfuil sé le maíomh againn nach raibh dís i lár báire ag aon chontae eile ag an am a scoithfeadh beirt fhear na Gaillimhe.

Ní raibh riochan ar bith leo: "Fr Gantley and John Killeen made an outstanding partnership and behind these Jimmy Brophy was a rock of strength in the halfback line" a dúirt Josie Gallagher.

Fear breá

Fear breá ligthe scaoilte a bhí i John Killeen, é ag bordáil ar sé troithe ar airde agus thart ar thrí chloch déag de mheáchan ann. Agus bíodh is go raibh sé chomh láidir le Goll Mac Mórna, ní fhéadfaí aon tútáil nó suarachas a chur ina leith choíche óir fear cothrom cóir a bhí ann.

Ba le Tigh Neatha a thosaigh sé ar a chuid iománaíochta agus i dteannta a dhearthár, James agus Fr. Connie Boyle bhí sé ina chnámh droma ar an bhfoireann.

Níorbh fhada go raibh roghnóirí an chontae ag cur sonraithe ann i ngeall ar a imirt bheo bhríomhar don chlub agus sé a bhí in ann an lámh in uachtar a fháil ar bháireoirí iomráiteacha fearacht Vin Baston a d'imríodh don Chath Gaelach. Agus tá fhios ag fia is ag feannóg nárbh aon dóichín an Déiseach a chloí!

Gné Shuntasach

Seo mar a labhair tuairisceoir amháin agus é ag cur síos ar áblacht John Killeen "...a great midfielder, whose clean striking, sound overhead hurling and speed plus stamina made him many times a match-winner". Gné shuntasach den iománaí fuinníuil seo ab ea an chaoi a raibh sé in ann an sliotar a ghreadadh uaidh go cliste nuair a bhíodh sé i sáinn.

Dúirt Matt Hackett, seanbháireoir ón gCaisleán Gearr liom blianta ó shin go dtarrngíodh John a chamán amach díreach ón ngualainn, rud a d'fhág nach bhféadfadh a chéile comhraic a bhuille a chosc nó a mhaolú. Eisean a bhaineadh fuaim bhog bhinn as an bhfuinseog!

D'imir báireoir Thigh Neatha cluichí iontacha dá chontae ach tá roinnt acu a sheasann amach go húrghlas i m'intinn go fóill. I 1947 ba "each gach araíon" é i lár na páirce agus chomh fada is a bheas meas ar chrógacht, tráchtfar ar threise a chuid iománaíochta nuair a sáraíodh Cúige Laighean i gcluiche leathcheannais an Bhóthar Iarainn. Ach dá fheabhas a rinne sé an lá úd bhí sé i mbarr a mhaitheasa ar fad ag ceansú Chúige Mumhan sa bhabhta ceannais. Lá thar laetha a bhí ann do Ghaillimh de bhrí go raibh an Corn Iománaíochta á thabhairt go buacach thar Sionainn siar don chéad uair. "My most lasting

impression of the Railway Cup final was the sterling work of Killeen and Gantley" a scríobh Andy Croke.

Bualadh gan choinne

Mheas Gaillimhigh thall agus abhus go raibh sruth is gaoth leo ar dheireadh thiar thall ach ba é an ceapadh coach acu é mar i mí Iúil na bliana sin chuir Cill chainnigh an cath go mí-ámharach orthu le cúilín amháin (2 - 9 in aghaidh 1 - 11) i mBiorra i gcluiche leathcheannais na hÉireann.

Is fiú a ndeir an "Evening Herald" a athlua: "Rather an unfortunate incident - an incident that had a big bearing on the ultimate result - occurred near the end of the game when the spectators, thinking the full-time whistle had gone, encroached on the pitch to congratulate Galway who at that point were a point to the good..."

Rinneadh leathchuma ar fhir an Iarthair de bhrí gur imir an réiteoir suas le dhá nóiméad am breise agus feadóg níor shéid sé go bhfuair na Laighnigh scór an bhua. Ba mhillteanach an babhta orainn an bualadh seo agus chruthaigh Biorra arís - amhail mar a tharla i 1945 - go mba é fód an mhí-ádh a é do Ghaillimh.

I dtaobh an chluiche féin bhí sé ina chomhlann chomh maith is ba mhian le duine a fheiceáil agus faoi mar a bheadh súil leis, bhí rith ráis ag John Killeen is ag Fr Gantley in aghaidh beirt Chill Chainnigh - Kennedy is Heffernan.

Comórtas Iomána an Oireachtais

Ní raibh aon chinneadh leis an gCillíneach nuair a bhuaigh Gaillimh Corn Thomáis Ághas I 1950 agus 1952 agus níl gan a shéanadh nach iad na cluichí anamúla seo in aghaidh Loch Gorman a thug ardchéim do chomórtas Iomána an Oireachtais.

I 1951 bhí sé ar an bhfoireann chaithréimeach sa Sraithchomórtas Náisiúnta agus mar ba ghnách níor loic sé ar a chontae óir thug sé antaispeántas uaidh nuair a chloígh said an Clár, Tiobraid Árann is Loch Garman.

Bhí cosúlacht ann go ndéanfadh na hiománaithe bun faoi dheireadh i 1952. Casadh Corcaigh orthu i Luimneach i gcluiche leathcheannais na hÉireann agus bhí ag eirí go geal leo gur thug an réiteoir as Tiobraid Árann, breith éagórach ina n-aghaidh gar do dheireadh na coimhlinte nuair a bhí "Inky" Flaherty ag gearradh roimhe ar a tháirm agus cúl an bhua faoi dhubh na hiongan dó.

Agus bíodh gur buaileadh Gaillimh le dhá chúilín (1 - 5 in aghaidh 0 - 6) níorbh fhéidir an Cillíneach a lochtú mar d'imir sé thar barr ar fad.

Ag tagairt do 1952 dúirt Billy O'Neill (a rinne

a chion féin dá uchtchontae i bpeil is in iománaíocht): "The veterans of the side such as John Killeen, Hubert Gordon, Josie Gallagher and Jimmy Brophy were showing one last great surge that should, with any luck, have brought them victory. In 1953 they were all a year older - and a year can make all the difference"

Two Goal Killeen

Ghoill bualadh 1952 ar na Gaillimhigh ach ní raibh said gan dóchas nuair a chuaigh said i ngleic le Cill Chainnigh sa chluiche leathcheannais i 1953. Mar sin féin, bhí gach dealramh ann go dtiocfadh leá chúr na habhann ar ár muinín astu arís óir bhí Gaillimh dhá chúl chun deiridh agus gan fágtha ach trí nóiméad déag den chluiche.

Ach tharla an t-athrú mór go tobann nuair a aistríodh John Killeen ó lár na páirce go dtí an líne leath-thosaithe agus, i bhfaiteadh na súl, bhí an sliotar báite aige faoi dhó in eangach Chill Chainnigh, rud a d'fhág go raibh an dá thaobh ar chomhscór (3-4 v 1-10). Iar sin d'aimsigh Hubert Gordon an cúilín a thug an bua do fhir an Iarthair ar deireadh thiar.

Gan amhras ba é báireoir Thigh Neatha laoch calma an lae agus chuir a dhá chúl thráthúla an dliáóg mhullaigh ar a chuid imeartha. Ní hionadh go mbaistí "Two Goal Killeen" air ina dhiaidh sin. Is cinnte mura n-imreodh sé ach an sár chluiche sin do Ghaillimh go mairfeadh a cháil cois Coiribe le saol na bhfear.

D'fhág an chaithréim seo an lucht leanúna faoi loinne áthais agus d'fhill misneach agus ardú meanman ar ais chucu, ach sa chluiche ceannais in éadan Chorcaí buadh ar Ghaillimh agus fágadh an Cillíneach is na gaiscígh dhílse eile ar an trá fholamh gan Craobh na hÉireann - onóir a bhí tuillte go maith acu.

Lean John Killeen ag imirt ar a chroídhícheall ar feadh bliana eile gur sháraigh Port Láirge iad i gcluiche leathcheannais na hÉireann i 1957.

Nó go dtiocfaidh an lá inné ar ais níor cheart go ligfí i ndearmad na laochra iománaíochta seo a sheas an fód go calma cróga dá gcontae ina liacht coimhlint churata.

Aguisín

Tá roinnt díobh seo atá luaite agam san alt imithe ar Shlí na Fírinne anois. Go dtuga Dia glóir shíoraí na bhFlaitheas dá n-anamacha uaisle

Agus ba cheart cuimhneamh freisin ar ár sárphleadóirí a tharraing gnaoi is gean phobal na hÉireann orthu féin is ar a gcontae lena stíl thaitneamhach imeartha ó 1998 i leith.

"Is buaine bladhná saol"

Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo.

Coill Sáile
Cill Chiaráin
Conamara
Co. na Gaillimhe
Fón: 095-33489
087-2267511

*Táirgeadh oisrí muiríní
d'óstáin, gliomaigh,
portáin agus gach cinéal
sliogéiscbialanna agus
tithe ósta.*

*Gach eolas ó James Harrington,
Bainisteoir*



CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

*Specialists in
Books, Brochures,
Newsletters,
Magazines,
Stationery,
Mass Leaflets,
NCR Books,
Flyers, Posters,
Programmes
and all general
printing.*

Scoth na
Clódoireachta
i.e. Leabhra,
Stáisineoireacht,
Bróiséirí agus
obair ginearálta.

I gcóir tuilleadh eolais / For more information
or quotations call us at
091 593251 / 593157
or fax us at **091 593159.**
email: clodoiri@eircom.net

Díolachán Mór Bliantúil ar an 15/16 Samhain 2003



STANDÚN
"Siopa de'n Scoil"
An Spideál, Co. na Gaillimhe
Fón 091-553108

*Gach rath ar an bhfeile
- ó Mhuinntir Standún*

Tá Ciorcal Scríbhneoirí Óga ag teacht le chéile faoi choimirce Phléaráca Teo. ó 1999. Tháinig an Ciorcal Scríbhneoirí Óga le chéile i 2003 faoi stiúir Thadhg Mhic Dhonnagáin. Seo roinnt samplaí de shaothar na scríbhneoirí óga a ghlac páirt i mbliana.

Gadaí an tSaoil

le Diarmaid Ó Ceallaigh

Bhí ganntanas custaiméirí i dTigh Shéamuis, an teach ósta, mar ba ghnáth san iarnóin ar an Satharn. Áit bheag a bhí ann, é ar éigean níos mó ná gnáth-sheomra bunscoile. Ní raibh ann ach teilifíseán beag thuas sa gcoirnéal ar chlé agus tú ag teacht isteach an doras, chomh maith le cupla seanbhord agus stólanna mí-chompordacha a bhí ina seasamh taobh leis an mballa salach, tais a rith timpeall an tí ósta. Bhí boladh láidir toitíní agus alcóil san aer throm, suarach.

Bhí cuntar adhmaid dhorchas os comhair an dorais, áit a raibh Colm ina shuí ar stól ard. Bhí scamall an bhróin air agus é ag críochnú go mall, réidh an pionta Guinness a cheannaigh sé trí ceathrú uaire roimhe sin.

D'oscail an doras agus dhíbrigh solas geal an lae doiléireacht an tí ósta, ar nós solas sráide casta ar siúl sa gclapsholas agus taispeánadh do Cholm na scoilteanna ar na ballaí, an dusta ar na boird agus na marcanna ar an urlár. Ach dhún an doras, agus chlúdaigh an leath-dhorchadas na lochtanna arís.

Shiúil Seáinín isteach an doras agus shuigh sé síos ar stól taobh le Colm. "Cén chaoi bhfuil an chraic?" ar sé. "Craic?" a d'fhreagair Colm. "huh, ní mórán craic a bhí agamsa le cúpla lá anuas."

"Tuige?"

"Cuireadh mo nia as Baile Átha Cliath inné agus gan é ach scór bliana d'aois, go ndéana Dia grásta air"

Chroch Seáinín a dheiseal amach chuig Colm agus chraith lámh leis. "Is bocht an scéal é sin, a mhac. Níor mhaith liom do thrioblóid" ar sé go

híseal. D'ardaigh Colm a chloigeann. "Ní thuigim cén fáth a gcaithfidh an bás a bheith ann ar chor ar bith" arsa Colm go brónach, "leis an mbrón agus céasadh croí a chothaíonn sé".

Bhuail smaoineamh Seáinín agus d'fhás sé ó splainc go tine mhór fhíochmhar. Bhí a phóca chomh folamh le cloigeann Choilm agus bhí sé spalpathe leis an tart. "Is scéal mór fada é, an fáth go bhfuil an bás ann" arsa Seáinín agus é ag cur glór dáiríre air féin. "Is rún daingean é, agus gheall mé don fhear a d'inis dom é nach n-inseoinn d'éinne".

"Muisse!" arsa Colm le hiontas.

"Ach inseoidh mé duitse é mar gur chuir tú an cheist. Ní iarrfaidh mé ort ach deoch beag a cheannacht dom chun mo ghob a fhliuchadh"

"Cinnté!" arsa Colm agus dea aoibh anois air. "Dhá phionta Guinness ansin, a Mhaidhc" ar sé leis an bhfear óg caol a bhí ina sheasamh taobh thiar den chuntar. Fuair Maidhc na deochanna dóibh. Tharraing Colm a vallait óna phóca agus d'íoc sé as na deochanna. Ansin thosaigh Seáinín ar an scéal a insint. "Fadó fadó, sara raibh aon bhás ann...."

Bhí an dorchadas díbrithe ag solas meáite na gréine ar feadh lae eile. Bhí baile Ghlanúin fós ina chodladh lasmuigh den aon draíodóir ar an saol, mar a thugtaí ar an domhan ag an am sin, Bás. Bhí na héin ag canadh go binn bríomhar ó bharr na dtithe simplí cloch. Ní raibh sna tithe seo ach seomra amháin dorchas de bharr easpa fuinneoga agus bhí said clúdaithe ag ceann tuí le poll ina lár chun deatach an tinteáin a scaoileadh amach. Bhí tuairim is trí scór de na tithe seo sa

mbaile agus teach nua dhá thógáil gach mí beagnach. Cé go raibh daonra an tSaoil ar fad cruinnithe sa mbaile beag seo, bhí sé ag méadú go scioptha.

Bhí Bás ina sheasamh i lár an bhaile, díreach taobh amuigh de gheataí móra iarainn Impire an tSaoil, a bhí i gceannas ar an saol uile. Chreid muintir an bhaile go raibh cumhacht draíochta, dochreidte ag an Impire, níos mó ná ag Bás féin. "Huh" a smaoinigh Bás leis féin, "a leithéid de sheafóid!"

Ba é Bás an t-aon draíodóir ar an Saol. Ní raibh aon chumhacht draíochta ag an Impire. Dá mba mhaith leis é d'fhéadfadh Bás ceannas a ghlacadh ar an Saol ach ní fear uaimhianach é Bás, ní raibh aon fhonn air a bheith i gcumhacht. Ach maidir leis an Impire, ní fhéadfaí a chuid uaimhianta a shásamh.

Na céadta bliain roimhe sin, chuidigh Bás leis an Impire nó Séama teacht i gcumhacht. Ar phraghas maith, rinne sé draíocht agus lig sé air

Treasa ag Scoil Nua

le Ann Marie Ní Ghríofa

Bhí Treasa tar éis tosú ag scoil nua. Bhí gruaig fhada dhubh uirthi agus dath dearg tríthi. Ba cailín deas cineálta í. Ar an gcéad lá chuaigh chuile rud go maith. Rinne sí go leor cairde. Thosaigh sí ag dul thart leis na buachaillí, le daoine a bhí ag ól agus ag caitheamh toitíní. Tar éis píosa bhí Treasa ag caitheamh freisin. Oíche Dé Sathairn, chuaigh said amach chuig an dioscó. Bhí an chraic go láidir. Níor thaitin ól le Treasa mar sin bhí oráiste aici. Thug sí a deoch do Chaitríona an fhad agus a chuaigh sí chuig an leithreas. Bhí Caitríona ag gáire ach ní fhaca sí Cian ag cur drugaí síos san oráiste. Bhí Caitríona agus Cian ag troid le fada mar bhuail Caitríona deirfiúr Chian. Nuair a tháinig Treasa ar ais ón leithreas thóg sí a deoch arís. Nuair a bhí an deoch ólta aici, ní raibh sí ag aireachtáil ró-mhaith. Bhí Cian sa gcoirnéal agus é ag féachaint uirthi ag damhsa. Thit Treasa as a seasamh agus bhuail sí a cloigeann in aghaidh dhórais an leithris agus bhásaigh sí.

féin gurbh é Séama a rinne an draíocht. Ansin bhagair Séama go n-úsáidfadh sé a chuid draíochta chun drochrudaí a dhéanamh mura ndéanfaí Impire an tSaoil de. Gheill na daoine ar an spota. Bhí eagla an domhain orthu roimh chumhacht Shéama agus deineadh Impire de.

Thóg Séama pálás mór marmair dó féin láithreach. Ba marmar an t-aon rud ar an saol a bhí ábalta draíocht Bháis a stopadh – agus bhí faitíos an domhain ar Shéama go dtógfadh Bás a áit. Cé gur cairde maith a bhí sa mbeirt ó shin i leith, níor fhág Séama a phálás riamh ach chun siúlóid bheag a thógáil tríd an mbaile ag meánlae.

Bhí beirt gharda arda fhíochmhara ina seasamh os comhair an gheata, gan orthu ach sean-léinte dubha agus bristí liath mar chosaint ón ngaoth aduaidh a reofadh tinte Ifreann. Tharraing Bás an cochall a bhí ar a chlóca cadáis léith os cionn a chloiginn.

"Cén gnó atá agatsa anseo?" a d'fhiafraigh an chéad gharda de go mailíseach.

"Is mian liom labhairt leis an Impire" arsa Bás.

"Cé thú féin?" léim an dara fear isteach agus a lámha dúnta ina ndoim aige. Bhain Bás an cochall anuas dá chloigeann. "Is mise Bás" a scread sé. D'fhág an bheirt an bealach láithreach, gan fonn ar cheachtar acu fearg a chur ar an dara fear ba chumhachtaí ar an Saol.

Bhí an pálás marmair bán ag glioscarnach i solas na maidine. Bhí Bás anseo go minic cheana, ach ní ar chúis chomh tromchúiseach dó féin leis an lá inniu agus níor thug sé faoi deara fiú áilleacht na ndoirse órga a chuaigh isteach chuig an bpálás a bhí suite díreach taobh istigh den gheata. Bhí an pálás féin cheithre stór ar airde agus níos leithne ná sráidbhaile beag. D'éirigh sé go hard ós cionn tithe simplí mhuintir Ghlanúin agus bhíodh finscéalta ag muintir an bhaile faoin saibhreas agus faoin seoda a bhí coinnte laistigh den phálás.

Shiúil Bás isteach an doras. Bhí staighre ard, le marmar glas taobh istigh den doras. Lig sé eascaine faoina anáil agus thosaigh ar an staighre a dhreapadh. Bhí na céadta bliain a bhí caite aige ar an saol tar éis a ghlúine a fhágáil chomh dolúbtha le barra iarainn agus a dhroim chomh righin le seanscriú i mbolta meirgeach ach shroich sé barr an staighre ar deireadh. Rinne sé a bhealach trí dhóras ollmhór órga isteach go dtí cúirt an Impire. Spreag a chéad amharc ar an gcúirt go leor mothúcháin i gcroí Bháis. Mhothaigh sé náire agus brón faoin gcaoi ar thréig an t-aon mhac a bhí aige, Cónó, a

thrust agus a chuid bróid tríd an ngadaíocht amaideach a rinne sé. "Cén fáth a ndearna sé é?" a dúirt sé leis féin. Nach dtugaim chuile shórt a bhíonn uaidh dhó?"

Ach bhí a ghrá dá mhac na mílte uaire níos láidre ná aon mhothúchán eile a d'airigh sé agus chaitheadh sé uaidh a chuid bróid chun iarraidh ar an Impire é a shaoradh ón bpríosún agus bheadh chuile shórt ina cheart arís.

"Á, a Bháis" arsa Séama agus é ag éirí óna shuíochán mór síoda agus airgid ag barr na cúirte. Ní raibh cúirt an rí aon phioc níos mó ná tithe na ngnáthdhaoine i nGlanún ach chuirfeadh a háilleacht mearbhall ort. Bhí pictiúir ghalánta den dúlra, seoda agus órnáidí órga ag clúdach na mballaí marmair dhearga agus an áit soilsithe ag na céadta coinne beaga ina seasamh ar ardáin faoin mballa.

Shiúil Séama amach chuig Bás a bhí fós ina sheasamh ag an doras. Chuir Séama a lámh amach chun í a chroitheadh le Bás, ach shéan Bás an comhartha cairdis.

"Tá mé anseo chun iarraidh ort mo mhac Cónó a scaoileadh saor" ar sé.

Tháing meangadh beag gáire ar éadan rocach Shéama, meangadh mailíseach. "Is mé Impire an tSaoil uile, a Bháis" ar sé agus é ag breathnú díreach isteach i súile Bháis. "Is é mo dhualgas aire a thabhairt do mo chuid daoine. Anois, inis dhom, dá scaoilfinn gadaí ar nós Cónó saor, an mbeinn ag comhlíonadh mo dhualgais?"

Chuir an dea-aoibh a bhí ar Shéama i dtaobh na faidhbe seo déistin ar Bhás ach ba é an sotal a bhí á thaispeáint aige ba mhó a chuir fearg air. Go dtí seo bhíodh eagla an domhain ar Shéama roimh Bhás ach bhí a mheon athraithe. "Rófhada i gcumhacht" a smaoinigh Bás.

"Ach nach cairde muid, comhghleacaithe?" arsa Bás. "Smaoinigh ar an méid a rinne mé duit..." "Agus íocadh tú go maith as" a bhéic Séama, rud nach ndearna sé riamh cheana ós comhair Bháis.

"Ar aon nós, fiú dá mbeinn sásta an slíomadóir lofa sin a shaoradh, ní fhéadfainn. Bhí sé gan aithne gan urlabhra tar éis bascadh a thug mo chuid gardaí dhó maidin inné. D'ordaigh mé dóibh é a thabhairt na mílte amach ón mbaile agus isteach sa bhForaois Mhór, áit nach raibh taiscéalaithe againn roimhe sin. D'fhág siad ann é agus is beag seans go mbeidh sé ábalta a bhealach a dhéanamh ar ais tríd an bhfásach crann sin chuig an mbaile arís."

Bhuail an tuisceant nach bhfeicfeadh sé a mhac arís go brách Bás ar nós scian a shá ina chroí.

Mhúscaíl sé olc i mBás, rud nár tharla rómhinic. Bhí an bastard seo faighte i bhfad ró-shotlach amach is amach! Chroch sé a lámha amach roimhe chun geasa na péine a chur ar Shéama, geasa a chuirfeadh pian níos measa ná aon phian eile ar domhan ag rith trína chorp. Ach níor oibrigh sé.

"Á muipe a amadán" a gháir Séama. "Ní raibh tú ábalta do chuid cumhachta a úsáid riamh. Ní raibh an gliceas ionat agus anois níl ionat ach seanfhear searbh." Chroch Bás méir amháin ar a dheiseal i dtreo Shéama. Bhí sé ag anáil go trom le teann feirge.

"Geallaimse dhuitse, a Impire" ar sé go maslach "go dtaispeánfaidh mé duit cé hé an t-amadán! Sciobfaidh mise do chuid daoine ó d'impireacht aoibhinn, duine ar dhuine, mar a sciob tusa mo mhac uaimse, go mbeidh deireadh an tSaoil ann!"

Chas Bás ansin agus d'fhág an pálás le fuadar nach samhlófaí le fear dá aois. D'fhág sé an baile agus síos leis ó dheas trasna na machaire fiáine lasmuigh den fhoraois ar feadh leathmhíle go dtí gur shroich sé abhainn a ghearr tríd an tírdhreach ar a bealach thar easa chun na farraige móire.

Thiocfadh Bás anseo go minic chun é féin a shuaimhniú, mar ní raibh tada ab fhearr leis ná ceol rithimiúil na habhann a bheith ag líonadh a chluas, an fíoruisce úr a bheith ag cuimilt a chos lom agus solas na gréine a bheith ag glioscarnach ar nós réalta ar dhromchla an uisce ghlain. Ach ní dhéanadh aon ní Bás a shuaimhniú inniu.

Bhí pluais bheag creimithe ag uisce na habhann thar thréimhse na gcéadta bliain taobh thiar den eas, a bhí chomh hard le Bás féin. Isteach le Bás sa bpluais. Bhí an ghráin agus an fearg a mhothaigh sé i leith Shéama ag rith ina chuid fola. "Beidh aiféal ar an mboc sin!" a dúirt sé ina chloigeann arís agus aríst eile.

D'fhan sé ina shuí sa phluisa ar feadh scaithimh go dtí go bhfaca sé tríd an uisce a bhí ag tuirlingt den eas go raibh an ghrian i lár na spéire. "Sea" ar sé leis féin, "beidh Séama amuigh ar a shuílóid laethúil sa bhaile anois, scartha ó chosaint a pháláis mharmair. Níl aon eagla air romham, cé gur cheart dhó" a gháir sé go holc.

Bhí sé ar intinn aige a chumhacht a úsáid chun an t-anam a ghoid ó chorp Shéama, ach chuir an smaoineamh fiú eagla ina chroí mar nár úsáid sé a chumhacht chun dochar ar an scála seo a dhéanamh riamh cheana. Ach dhóigh tine a fhuatha adhmaid an fhaitís.

Chroch sé a chuid lámha amach roimhe agus lig cead dá anam féin a chorp a fhágáil, mar a bhí déanta aige na céadta uair cheana. Is mar seo a bhíodh a chuid draíochta fíor éifeachtach. Rinne a anam a bhealach chuig an mbaile.

Bhí sé dofheicthe. Shiúil sé isteach chuig lár an bhaile. Bhí Séama díreach ar a bhealach amach trí gheataí an phálais. Thug Bás faoi. Thriail sé anam Shéama a shú óna chorp. Rinne an t-anam iarracht é féin a chosaint.

Thit corp Shéama ina laige. Rith slua daoine chun cabhrú leis. Rinne Bás iarracht mhór amháin eile an t-anam a shú amach. Phléasc an ghrian agus clúdaíodh an spéir le tine olc Ífrinn. Bhuail splanc ghorm tintrí corp Shéama agus d'fhág a anam é.

"Agus ó shin i leith sciobann Bás anam ón Saol nuair is mian leis, tugann ar ais chun a phluaise é agus an t-olc agus an brón ag fás ina chroí i gcónaí"

Bhí súile Choilm leáite le hiontas. Chaith Seánín siar blogam deiridh a phionta Guinness agus d'éirigh sé óna shuíochán. "Slán agat anois, a mhac agus ná hiniis an scéal sin d'éinne, an dtuigeann tú?"

"Ó tuigim" arsa Colm agus é fós leath faoi dhraíocht ag scéalaíocht Sheánín. "Ní bheidh deoch eile agat an mbeidh?"

"Ó ní bheidh" arsa Seánín agus é ar a

An Cheathrú Rua

Gearóidín de Bhailís

Is mise An Cheathrú Rua

Tá mé anseo,

Bíonn daoine mo ghortú, ag seasamh orm

Mo phlúchadh lena gcuid páipéar,

Bíonn mé báite ag an bhfarraige

Bíonn mé bodhraithe ag na scéalta

Bíonn an oiread meáchain orm ag na tithe

Ach tá mé anseo!

Le mo ghleannta beaga,

Mo chrainnte áilne,

Ainmhithe deasa i mo chuid gruaige.

Dia dhaoibh, tá mé anseo.

bhealach amach an doras. Chomh luath is a bhí an doras dúnta tharraing Seánín vallait Choilm óna phóca.

"Ba phléisiúr do chuid comhludair" ar sé leis féin agus é ag gáire. ■

Oíche

Tracey Ní Chonghaile

Réalta sa spéir

ag scalladh anuas

ar an uisce,

an bóthar cosúil le gloine.

Tá na réalta ar nós coinneal

lasta sa spéir

scaipthe ar phluid dubh,

gan deireadh ar bith.

Tá an féar fuar fliuch

agus tá gach rud ciúin,

gan aon ghaoth,

gan aon teas.

Oíche álainn,

oíche dheas.

Báisteach 's Gaoth

le Diarmaid Ó Ceallaigh

Oíche dhubh dhorchá,

Báisteach 's gaoth,

Tá fear gan beocht

Ar an mbóthar ag luí.

I lochán bheag dhearg

A cheann ag snámh,

Sileann a shaol

Ar an mbóthar go mall.

Tháing críoch leis an ngaoth,

Stop an bháisteach;

Ach i mo chroí

Go deo beidh siad sáite.

M'Athair

le Beartla de Búrca

Thosaigh sé nuair a bhí mé beagnach cúig. Fuair m'athair bás. Nó sin a chuala mé ag an am. Ní raibh mórán eolais agam faoi m'athair ag an am. Bhíodh mé sa leaba sular tháinig sé abhaile gach oíche, agus bhí sé imithe sular éirigh mé gach maidin.

D'imigh muid ar ais go dtí an phríomhchathair tar éis do m'athair bás a fháil.

"Bhí mé ag iarraidh a dhul ar ais go dtí an phríomhchathair ar feadh na mblianta" a dúirt mo mháthair nuair a chuir mé an cheist uirthi cén fáth. "Ach bhí orm fanacht le d'athair go dtí go bhfuair sé bás."

"Cén bealach a bhfuair sé bás?" an cheist a bhí agamsa. Ach ní raibh mo mháthair sásta tuilleadh cainte a dhéanamh faoi m'athair ag an am sin. Ní raibh sí sásta caint faoi ag aon am nuair a bhí mise ann.

Bhí go leor airgid ag mo mháthair nuair a bhí mé ag fás aníos. Bhí mé in ann an bheatha ab fhearr sa phríomhchathair a ithe. Bhí mé in ann dul go dtí na scoileanna is fearr. Ach fós bhí rud éigin nach raibh ceart agus ní raibh mé sásta sa bpríomhchathair mar gheall ar an rud sin. M'athair. Bhí mé ag iarraidh a fháil amach cén fáth nach raibh aon duine sásta labhairt liom faoi. An raibh sé tar éis rud an-dona a dhéanamh?

Cúpla mí tar éis di teacht ar ais go dtí an phríomhchathair, phós mo mháthair tiarna talún a raibh

go leor talún aige gar don phríomhchathair. Ní raibh sé sásta teacht agus fanacht sa phríomhchathair agus ní raibh mo mháthair sásta an phríomhchathair a fhágáil. Mar sin, ní fhaca siad mórán dá chéile. Ba chuma leis an tiarna. Ní raibh sé ag iarraidh mo mháthair a phósadh ach amháin go raibh sí ina cara maith ag an rí. Ag an am seo, ní cheapainn go raibh aon ghrá ag mo mháthair don tiarna. Fuair sé bás cúpla mí ina dhiaidh sin agus fuair mise an talamh ar fad.

Phós mo mháthair an rí Malbar cúpla mí tar éis don tiarna bás a fháil. D'imigh mé chun fanacht ar an talamh a bhí agam agus is ansin a chaith mé an chéad deich mbliana eile. Ach cé go raibh gach rud agam a bhí mé a iarraidh, ní raibh mé sásta. Bhí mé fós ag iarraidh a fháil amach faoi m'athair. D'imigh an t-am an-tapaidd orm agus bhí cúig bhliana eile imithe sula raibh mé in ann dul amach sa saol ag iarraidh a fháil amach faoi m'athair.

Bhí go leor airgid agam ón talamh agus d'úsáid mé é sin. Ní bhfuair mé amach tada.

Tar éis tamaill d'fhág mé an phríomhchathair agus d'imigh mé go dtí baile beag a bhí in aice leis an áit a raibh muid nuair a fuair m'athair bás. An baile Anness. Ach ní raibh mé in ann tada a fháil amach ansin. D'imigh mé abhaile agus cheap mé nach bhfaighinn aon ní amach. Ach ansin tháinig an seanfhear go dtí mé.

Ní lá deas a bhí ann an lá ar tháinig an seanfhear go dtí mé. Bhí sé ag báisteach taobh amuigh agus bhí mé sa seomra suite, i mo shuí in aice le tine bhreá ag ól uisce agus cé go raibh leabhar i mo lámh, ní raibh mé ag léamh. D'imigh mé chomh fada le doras an tseomra suite chun gloine eile uisce a fháil agus nuair a d'iompaigh mé ar ais chuig an tine bhí an seanfhear ina shuí in aice leis.

"Cé thusa agus céard atá tú a dhéanamh anseo?" a bhéic mé

D'iompaigh an seanfhear i mo threo go mall. Bhí sé fíorshean. Bhí trí scór bliain caite aige ar an saol seo má bhí lá. Thit an ghloine uisce as mo lámh agus rug mé ar shlat adhmaid a bhí in aice leis an doras.

"Cé tú féin?" a bhéic mé i nguth cruá. Bhí maide adhmaid aige féin. Maide siúil agus bhí sé gléasta go maith.

"An gceapann tú go mbeidh tú á iarraidh sin?" an cheist a chuir sé i nguth bog.

Cé tú féin?" a bhéic mé arís. Thosaigh sé ag gáire.

"Tá tú ag iarraidh a fháil amach, nach bhfuil?" a dúirt sé. D'iompaigh sé ar ais chuig an tine. Chaith sé tamall fada gan tada a rá agus ansin dúirt "Is mise an Draíodóir Bán". Stop sé sin mé.

"Céard is féidir liom déa.....?" a thosaigh mé.

"Tada"

"Cén fáth a bhfuil tú anseo mar sin?" an cheist a chuir mé. "Mura

bhfuil tú ag iarraidh orm rud éigin a dhéanamh dhuit?"

"Mar tá mé chun rud a dhéanamh duit" a dúirt sé go bog. "Tá mé chun inseacht duit an bealach chun d'athair a fháil"

"Cén fáth?" Ní raibh mé in ann mé féin a stopadh.

"Mar tá mé chun trí chéad píosa óir a fháil ar an scéal" a dúirt sé. D'imigh mé agus fuair mé an t-airgead agus thug mé dó é.

"Tá ort dul go dtí an baile Aness" a dúirt sé agus ansin stop sé. "Bhfuil tú cinnte go bhfuil tú réidh chun é seo a fháil amach?"

"Tá" a dúirt mé.

"Tá ort dul ag caint le fear i mbaile Anness" a dúirt sé. "Tony Grimes is ainm don fear. Is seanchara le d'athair Tony é. Bhí sé ann nuair a fuair d'athair bás ach níor lig mé dó labhairt leat faoi go mbeadh tú réidh. Go n-éirí an t-ádh leat."

D'imigh mé go baile Aness go tapaidh agus d'aimsigh mé Tony Grimes. Fear mór cumhachtach a bhí i Tony Grimes. Ní raibh ach cos amháin air agus bhí sé ag obair go crua nuair a tháinig mé isteach. Ag déanamh maide siúil.

"Cé tú féin?" an cheist a chuir sé orm nuair a tháinig mé isteach.

"Mise mac le Peadar Smith" a dúirt mé. "Chuir an draíodóir bán anseo mé chun a fháil amach céard a tharla do m'athair."

"D'athair" a dúirt sé i nguth bog. Guth an-bhog agus thuig mé go raibh sé ag caint leis féin. "D'athair" a dúirt sé leis féin arís. "Peadar Smith, mo sheanchara. Tá tú ag iarraidh fáil amach céard a tharla dó?"

"Tá" a dúirt mé. "Is fear maith a bhí i d'athair." a dúirt sé. "Bhí sé ard ar nós mé féin

agus níor bhris sé a fhocal riamh. Fear maith a bhí i d'athair le bheith leat agus tú ag troid. Ní raibh sé sásta aon chara a fhágáil agus iad ag troid in éineacht. Sin an slí bheatha a bhí ag d'athair. Saighdiúir a bhí ann.

"Fuair sé bás i gcath mar sin" a dúirt mé go tapaidh.

"Ní i gcath a fuair d'athair bás. Chaill sé a lámh chlé agus rinne an draíodóir bán lámh nua dó. Ach nuair a bhí tusa thart ar dhá bhliain d'aois bhí cogadh ann idir an tiarna Malbar atá anois ann agus an rí a bhí ann ansin, an Rí Vincor. Bhí ansin, agus fós tá grá ag do mháthair don Rí Malbar. Ach ba shaighdiúir a bhí i d'athair agus cé go raibh an cogadh caillte ní raibh Peadar sásta. Bhí sé chun arm eile, arm mór, a chur le chéile agus dul amach ag troid arís. Ach bhí grá ag do mháthair don tiarna a bhí tar éis rí a dhéanamh de féin, an rí Malbar, agus an oíche sin, an oíche sula raibh d'athair chun an t-arm a bhí curtha le chéile aige a úsáid chun fórsaí Malbar a ionsaí, mharaigh sí é.

"Mharaigh mo mháthair m'athair?" a bhéic mé.

"Sin a dúirt mé" a dúirt Tony. "Bhí mé chun fáil réidh le do mháthair ach níor lig an draíodóir bán cead dom é a dhéanamh. Dúirt sé go raibh do mháthair ag teastáil. Nuair nach raibh d'athair ann chun a bheith i gceannas ar an ionsaí, thit an t-arm as a chéile.

D'fhág mé Tony go gairid ina dhiaidh sin agus fearg mór ag teacht orm. D'imigh mé ar ais go dtí an phríomhchathair agus rith mé go dtí Caisleán an Rí. Isteach liom sa gcaisleán agus go dtí seomra mo mháthar.

"Bhfuil tú ceart go leor, a stór?" an cheist a chur sí chomh luath is

a bhí mé istigh an doras. Bhí fearg dearg ag teacht orm.

"Bhí mé ag caint le Tony Grines" a dúirt mé agus mé ag iarraidh an fhearg a choinneáil amach as mo ghuth.

"Cé hé Tony Grines?" a dúirt mo mháthair.

"Seanchara le m'athair" a dúirt mé agus mo ghuth lán le fearg.

"Agus céard a dúirt sé?" an cheist a bhí ag mo mháthair.

"Dúirt sé go bhfaca sé tusa ag marú m'athar" a bhéic mé.

"Níl sé sin fíor" a bhéic mo mháthair go tapaidh. Ró-thapaidh. "Cén fáth a maródh mé m'fhear céile?"

"Mar gheall go raibh grá agat d'fhear eile" a bhéic mé. Bhí an rí Malbar tar éis teacht isteach ag iarraidh a fháil amach cén fáth a raibh mé ag béiceadh.

"Dúirt sé gur mharaigh mé Peadar" a bhéic mo mháthair. Tharraing an rí Malbar amach claíomh.

"Nach cuma" a dúirt sé.

"Tá sé fíor mar sin" a bhéic mé.

"Tá" agus tháinig sé leis an gclaíomh. Bhí torann mór ann agus bhí an seomra lán le solas glas. Tar éis tamaill, d'imigh an solas ar fad agus chonaic mé go raibh an rí ar an urlár. D'iompaign mé timpeall go tapaidh. Bhí an Draíodóir Bán ansin agus bhí a lámh lán le solas glas.

"Déan an rud atá tú ag iarraidh a dhéanamh léi" a dúirt sé agus d'imigh sé.

"Tá brón orm." Bhí mo mháthair ag caoineadh. Thosaigh mé ag gáire ach ní gáire deas a bhí ann.

Úrscéal gearr



Déanfaidh sin an gnó

Amach
Alan Titley

Úrscéal do dhéagóirí óga ó dhuine d'údair mhóra na Gaeilge. Mar is dual dó tá idir ghreann, eachtraíocht, uafás agus ghealtachas le fáil sa scéal seo a mbainfidh idir óg agus aosta ardtaitneamh as.

Téacsleabhar

An Gnó: Saol Dinimiciúil

Cuid 2: Cúrsa Gnó na hArdteistiméireachta

Gregory O'Connor & John Roebuck

Is leagan Gaeilge é seo de Ich 241-426 de Business - A Dynamic World, a d'fhoilsigh CJ Fallon in 2001. Clúdaítear na téamaí seo a leanas ann: An Bhainistíocht, An Fhiontraíocht, An Gnó Idirnáisiúnta agus An Timpeallacht Idirnáisiúnta Trádála. Tá Gluais i mbun na leathanach sa leabhar seo. Tá Gluais chuimsitheach Gaeilge-Béarla i gcúl an leabhair freisin.

Tá súil againn Cuid 1 den leabhar seo a bheith ar fáil faoi thús na scoilbhliana in 2004.



Le ceannach i siopaí leabhar nó le hordú tríd an bpost uathu seo:

An Siopa Leabhar (01) 478 3814 ansiopaleabhar@eircom.net
An Ceathrú Póilí (028) 90 964181 acpoili@mail.portland.co.uk

© AN GÚM

CATALÓG AR FÁIL (01) 889 2800
angum@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge



Taibhdhearc na Gaillimhe

Amharclann Náisiunta na Gaeilge

Cúigear Chonamara

Le Mícheál Ó Conghaile

6 – 19 Deireadh Fómhair 2003

An Phortráid

Seó na Nollag

Le Dara Ó Conaola

10 – 19 Nollaig 2003

Ticéidí ar fáil anois ach glaoch ar An Taibhdhearc ag 091 563600



Oireachtas na Gaeilge 2003

FÉILE SHAMHNA

Trá Lí, Co. Chiarraí

30 Deireadh Fómhair - 2 Samhain 2003

COMÓRTAIS ARDÁIN

do Dhaoine Óga & do Dhaoine Fásta

Amhránaíocht ar an Sean-Nós * Damhsa ar an Sean-Nós *

* Lúibíní * Agallaimh Bheirte * Scéalaíocht *

Gach eolas ó:-


Oifig an Oireachtais

6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

Fón: + 353 1 475 38 57

Facs: + 353 1 475 87 67

Ríomhphost: eolas@antoireachtas.ie



Johnny Connolly
ar bronnadh
Gradam
Phléaráca 2002
air.

gradam
-ar
phléaráca

Aoine 3 Deireadh Fomhair

8.00 Oscailt Oifigiúil sa bPoitín Stíl
le Seán Bán Breathnach
Bronnadh Gradam Phléaráca 2003
Ceol le Bearthla Ó Domhnaill & Ceann Gólaím
Ceoltóirí agus Damhseoirí na hAlban i láthair.
Taispeántas Drumadóireachta.
Fear an Tí: Máirtín Tom Sheáinín Mac Donnacha

5.30. 7.00 8.30 i.n. Paris Texas - Seanscoil Sailearna

Satharn 4 Deireadh Fomhair

5.30. 7.00 8.30 Paris Texas
- Seanscoil Sailearna

9.00 Scail: Tigh Ruairi: Inis Oirr:

9.00 Óstán Chuan Charna

Colm Dubh Ó Méalóid agus ceoltóirí Rath Cairn

9.00 Tigh Mhaidhcó, Rosmuc

Dessie O Halloran agus ceoltóirí Inis Bó Finne

Fear an tí... Micheal O Cuaig

Domhnach 5 DF

2.00 Comórtais na nÓg sa gCrannóg Rosmuc.

- Damhsa ar an sean-nós
- Amhránaíocht ar an sean-nós
- Rogha uirlis ceoil
- Agallamh Beirte/ Scéalaíocht

2.00 Áras Mhic Dara, Ceathrú Rua

Siamsa na Seandaoine
Fear a Tí: Joe Steve Ó Neachtain

Ceol Tigh Pheadair Mhóir

Aoí cheoltóirí ó Oileán Leodhais na hAlban

Fear a Tí: Gearóid Ó Murchú

Luan 6 Deireadh Fomhair

10.00 Ealaíontóirí sna Scoileanna

Scribhneoirí, ceoltóirí agus taispeántais lámhcheardaíochta traidisiúnta i mbunscoileanna Chonamara i rith na seachtaine.

Scribhneoirí: Colman Ó Raghallaigh, Gwyn Uí Ghaora, Liam Mac Oistín.

Ceoltóirí: An Contempo Quartet. Colm de Bhaldraithe

Taispeántas lámhcheardaíocht:

Deirdre Power agus Vivian Lynn ó ArdMhúsaem na hÉireann, Caisleán an Bharraigh.

Ealaíontóirí na Scuaibe Fraoigh

I rith na seachtaine beidh taispeántas de shaothar na gceardlann péintéireachta a bhíonn ar siúl ag Pléaráca i Rosmuc agus i gCill Chiaráin. le feicáil sna h-Ionaid seo leanas: - Rosmuc: Tigh Chlarke. Tigh an Mháille, An Ionad Sláinte, Seipéal an Ghoirt Mhóir agus Séipéal Rosmuc agus san Siopa Buí i gCoill Sáile.

8.00 Ar Shlí Na Fírinne le Cumann Aisteoirí Chois Fharraige i Halla Tír An Fhia

Cead Isteach 10 euro /5Euro

Máirt 7 Deireadh Fomhair

10.00 Ealaíontóirí sna Scoileanna

2.00 Siamsa na Seandaoine: Áras an Chroí Ró Naofa, An Spidéal

7.00 Trathnóna Filíochta i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh

Ag Léamh:

Gearóid Mac Lochlainn: Jackie Mac Donnacha agus Pádraig Ó Snodaigh
(urraithe ag Áras na Scribhneoirí)
Bean an tí Máire Ní Fhinneadha

Céadaoin 8 DF

10.00 Ealaíontóirí sna Scoileanna.

2.00 Siamsa na seandaoine - Ionaid Lae Chonamara

Tí Pheacock, An Teach Dóite
Bean a Tí: Norita Ní Chartúr

2.30 Siúlóid Sléibhe

Teacht le chéile ag Tigh Pheacock
(Tuilleadh eolais glaoigh ar 087-2359756)

6.00 Nils Udo. Seoladh taispeántas griangrafanna leis i Seanscoil Sailearna. Beidh ealaíon Nils le feiceáil i Seanscoil Sailearna ó 1/10/2003 go 31/10/2003.

8.00 Comórtas Damhsa ar an Sean-nós

do Chorn Mháirtín Beag Uí Ghríofa, An Chistin (Tigh Sé), An Cheathrú Rua. **Ceol:** Johnny Connolly. **Fear a Tí:** Greg Ó Braonáin

Déardaoin 9 DF

7.00 Taispeántas na Scol i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh.

8.00 Ceolchoirm

ConTempo String Quartet
Séipéal na Deastógála, Camus

8.00 Dán Aille - Galf Mara, Eanach Mheáin. Seó idirdhísiplineach ealaíne le Seán Ó Flaithearta, Lasairfhiona Ní Chonaola agus Dara Ó Conaola

8.30 "Scread Mhaidne" Seoladh leabhar nua le Joe Steve Ó Neachtain. Óstán na Páirce.

9.00 Seisiún Ceoil - Tír na nÓg
Ceoltóirí agus amhránaíche Iorras Aithnigh

Aoine 10 Deireadh Fomhair

8.00 Dán Aille Seanscoil Sailearna, Indreabhán

8.00 Seoladh

Taispeántas Ealaíona

An Scuaib Fraoigh

Tí Chlarke, Ros Muc

Fear an tí:

Tomás Mac An Iomaire

9.00 Dioscó don Óige

Ionad Pobail Chamuis.

D.J. Liam O Conghaile

9.00 Oíche Áirneáin i Scoil na hAirde, Carna.

Fear a Tí -

Josie Shéain Jack Mac Donncha

9.00 Séan Garvey: An Caladh Mór, An Spidéal

Fear an Tí:

Gearóid Ó Murchú

Satharn 11 DF

12.00 Maratón na gKayaks i gCeantar na n-Oileán ar son GOAL.

3.00 Rása Naomhóg - Ón Dóilín go Daingean.

8.00 Clabhsúr -

Teach an Daingin, Béal a Daingin.

Ceilí Traidisiúnta leis an 'Tulla Céilí Band' agus Séamus Begley


9.00 Séan Garvey: Tigh Ruairi: Inis Oirr.

Imeachtaí na Féile

Oscailt Oifigiúil na Féile

Beidh an oscailt oifigiúil ar ais i gCois Fharraige i mbliana sa bPoitín Stíl, Indreabhán ar an Aoine 3 Deireadh Fómhair. Is é Seán Bán Breathnach a sheolfas an fhéile agus Bearthla Ó Dómhnaill agus a bhanna ceoil Ceann Gólaím a chasfas an ceol don oíche.

Beidh Gradam an Phléaráca á bhronnadh ar dhuine éigin a bhfuil obair mhór déanta acu thar na mblianta don phobal. Is é Johnny Phádraic Phetair a fuair an gradam anuraidh thiar in Óst na nOileán agus beidh sé á shíneadh ar ais i mbliana ach caithfear fanacht go dtí an oíche lena fháil amach cé air a mbronnfar an t-aitheantas. I dtús na hoíche cuirfidh Colm de Bhladrath agus a chairde taispeántas



SBB: ag cur na féile faoi lánseoil.

drumadóireachta ar fáil agus ní stopfaidh muid aige sin mar beidh na hAlbanaigh linn freisin agus iad féin ag cur blaiseadh dá gcultúr féin ar fáil. Idir

drumadóireacht agus píobaireacht, is é an chaoi a gcrochfar an cloigeann den Phoitín. Ba cheart go mbeadh an-oíche ann!

An Contempo String Quartet

Bhunaigh ceathrar mac léinn an ConTempo Quartet, atá lonnaithe i nGaillimh i gcomhar tréimhse chónaitheach, i 1995 in Ollscoil Ceoil Bucharest na Rúmaíne.

Ba iad sin Bogdan Sofei (céad veidhlín), Ingrid Nicola (dara veidhlín), Andreea Banciu (viola) agus Adrian Mantu (cello). Tá cáil idirnáisiúnta bainte amach acu ó shin agus is deis iontach do Ghaillimh agus d'iarthar na tíre iad a bheith anseo chun an ceol clasaiceach a spreagadh. Tá an domhan taistealaithe ag an gceathrar seo agus ceolchoirmeacha tugtha acu do leithéidí an Phápa agus Séarlas, mac bhanríon Shasana.

Tá trí cinn déag de dhuaiseanna ceoil idirnáisiúnta buaite acu.

Tá an tréimhse chónaitheach i nGaillimh cómhaoinithe ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, TG4 agus An Chomhairle Ealaíon le maoiniú breise ó Cho. Co. na Gaillimhe agus ó Chomhairle na Cathrach. Sa mbreis air seo, tá an Ollscoil ag cur spás oibre agus riaracháin ar fáil dóibh agus tá TG4 ag breathnú i ndiaidh fógraíochta. Seo é an chéad uair tréimhse chónaitheach ag ceoltóirí profisiúnta lánaimseartha mar iad seo in Iarthar na tíre agus is cinnte gur inspioráid a bheas iontu do gach duine ar suim leo ceol.

Ceann de na haidhmeanna atá le Contempo a bheith san Iarthar ná chun lucht éisteachta nua a mhealladh chuig an gcineál seo ceoil taobh amuigh den lucht féachana a bhíonn acu go hiondúil. Tá siad ag cur béime freisin ar oibriú le daoine óga chun an ceol clasaiceach a roinnt leo. Chuige sin beidh siad ag déanamh ceardlanna sna bunscoileanna i rith Fhéile Phléaráca, ar an gCéadaoin 8ú agus an Déardaoin 9ú Deireadh Fómhair.

Beidh ceolchoirm ag Contempo i Séipéal Chamuis ar an Déardaoin 9 Deireadh Fómhair ag 8.00. Is fiú go mór teacht agus éisteacht leo.

Imeachtaí na Féile - Drámaíocht

Ar Shlí na Fírinne

- dráma léirithe ag Aisteoirí Chois Fharraige i Halla Thír an Fhia ar an Luan 6 Deireadh Fómhair ag 8.00

Léiríodh an dráma seo i gConamara agus in Árainn i dtús an tSamhraidh agus d'éirigh chomh maith sin leis an dráma go bhfuil iarrtha orthu roinnt léirithe eile a dhéanamh i gConamara, i Maigh Eo agus i gCo. na Mí. Ach ní stopfaidh siad ansin mar go bhfuil siad ag dul go Chicago ag deireadh mhí na Samhna chun é a léiriú san Irish American Heritage Centre i 46/36 Knox St.

Go n-éirí leo! Tá cliar mhór sa dráma seo – seacht nduine dhéag ar stáitse agus slua maith ag cuidiú leo taobh thiar den stáitse.

Is é an tAthair Seán Mac Éil a chum an dráma agus d'aistrigh Marc Mac Lochlainn go Gaeilge é. Is iad Máire Uí Mháille agus Bearthla M. Ó Flatharta na comhléiritheoirí.

Téann an scéal mar seo – Tá muintir Uí Eithir i bhfiacha, a bhuíochas sin do Thomáisín agus a chuid gaimleáil. Níl pingin acu agus tá na *moneylenders* le teacht leis na fiacha a bhailiú. Smaoiníonn said ar



Colm MacDonnacha in Ar Shlí na Fírinne.

phlean. Ach ní mar a shiltear a bítear agus téann sé ó smacht uilig orthu. An bhfuil fear caillte ar an mbaile? Cé hé féin? Céard a dhéanfas na comharsana? Tá siad trína chéile! Tá má tá! Ach ar ndóigh is í an cheist atá ar barr chuile theanga ná cé a bhuaigh an LOTTO?!!!

Le meabhair a bhaint as seo, caithfidh tú an dráma a fheiceáil – Halla Thír an Fhia ar an Luan 6 Deir. Fómhair ag 8.00

Paris, Texas

Aoine 3 Deireadh Fómhair ag 5.30, 7.00 agus 8.30 agus ar an Satharn 4 Deir. Fómhair ag 5.30, 7.00 agus 8.30. I 2001 a bunaíodh compántas



Diarmuid agus Lara Ní Chathmhaoil i Paris Texas

POC chun an seó Pádraic Ó Conaire a chur ar stáitse, seó a bhain iliomad gradam amach. Is iad príomhaithe an chompántais seo ná an scríbhneoir/léiritheoir Paul Brennan agus an t-aisteoir/scríbhneoir Diarmuid de Faoite.

I mbliana tá leagan samhailteach den scannán *Paris Texas* á léiriú ag an gcompántas seo, an script Gaeilge curtha ar fáil ag Micheál Ó Conghaile. Is iad Diarmuid agus Lara Ní Chathmhaoil na haisteoirí agus é bunaithe ar charachtar Travis ag teacht ar ais óna chuid seachráin ar thóir a ghrá geal, Jane.

Maireann an dráma 40 nóiméad agus de bharr an struchtúir stáitse nó léiriúcháin atá leis, ní féidir le níos mó ná deichniúr é a fheiceáil ag aon am amháin. Bíonn cábán ag gach duine den lucht féachana dó féin agus iad tógtha timpeall stáitse soghluaiste ciorcalach.

Léirigh Féile Ealaíne na Gaillimhe agus Féile Earagail an seó seo i nGaeilge agus i mBéarla. Le linn Phléaráca 2003, beidh 6 léiriú de *Paris Texas* i Seanscoil Sailearna, Indreabhán - ar an Aoine 3 Deireadh Fómhair ag 5.30, 7.00 agus 8.30 agus ar an Satharn 4 Deir. Fómhair ag 5.30, 7.00 agus 8.30.

Imeachtaí na Féile

Dán Aille

Seó ar leith é seo a mhaireann uair an chloig ina bhfuil trí ghné den ealaín ag teacht le chéile ann ag triúr ealaíontóirí as Oileáin Árann: scríbhneoireacht, péintéireacht agus amhránaíocht den scoth. Tá cáil mhór ar Árann de bharr an méid ealaíontóirí a fuair inspioráid ann le blianta fada. Anois tá tionscnamh speisialta ar siúl ag ealaíontóirí de bhunadh Árann féin sa seó idirdhisciplíneach seo.

Is iad na healaíontóirí atá páirteach ann ná an t-amhránaí Lasairfhiona Ní Chonaola, a hathair - an scríbhneoir Dara Ó Conaola agus an dearc-ealaíontóir Seán Ó Flaithearta.

Mar a dúirt Dara Ó Conaola "Bíodh gurb é ár ndúchas Árannach an fhoinsé a spreagann muid araon, ní gá gurbh é an léamh céanna atá ag aon duine den triúr againn air." Is é Seán a rinne dearadh ar an seit agus úsáidfear teilgeoir chun



Lasairfhiona Ní Chonaola.

íomhánna ó phictiúir Sheáin agus grianghraif a thóg sé ar na hOileáin, a theilgean ar scáileán ar chúl an tseit.

Déarfaidh Dara a chuid píosaí filíochta agus casfaidh Lasairfhiona véarsaí a bhfuil ceol curtha leo.

Beidh deis ag an lucht féachana

breathnú timpeall ar an seit roimh ré. Beidh dhá thaispeántas de *Dán Aille* ar bun le linn Phléaráca Chonamara 2003 -

i nGalfmara, Eanách Mheáin - Déardaoin 9 Deir. Fómhair ag 8.00 agus i Seanscoil Sailearna, Indreabhán - Aoine 10 Deir. Fómhair ag 8.00

Comórtas Damhsa ar an Sean-Nós

Beidh an comórtas seo do Chorn Mháirtín Beag Uí Ghríofa ar bun sa gCistin ar an gCeathrú Rua ag 8.00 ar an gCéadaoin 8 Deireadh Fómhair.

Níor eagraíodh an comórtas an bhliain seo caite mar go raibh Tigh Sé (An Chistin) á chóirú - agus mura raibh fiosrú á dhéanamh le hoifig an Phléaráca

faoi cén fáth nach raibh an comórtas seo ar an gclár, shílfeá nach raibh aon imeachtaí eile socraithe don fhéile! Mar sin beidh go leor daoine sásta a chloisteáil go bhfuil an comórtas seo ar ais againn i mbliana. Níl aon dabht ach gurb í an imeacht seo ceann de na himeachtaí is mó a mbaineann an pobal sásamh aisti le linn na féile. Bíonn an comórtas ar bun i gcónaí i lár na seachtaine ach ní stopann sé sin riamh slua daoine ag teacht ag féachaint air. Bíonn An Chistin lán go béal agus faoi dheireadh


na hoíche, bíonn fonn ar gach a bhfuil i láthair torann a bhaint as na cláir. Ní hionadh ar bith é sin ar ndóigh agus Johnny Connolly ag casadh an bhosca ceoil. Is é Johnny a bheas linn arís i mbliana agus beidh An Connaught Man's Ramble agus Miss McLeod's ag dul go fraitheacha. Is é Greg Ó Braonáin a bheas ina Fhear an Tí agus b'fhéidir go ndamsódh sé féin corr steip. Níl uainn anois ach na hiomaitheoirí - ná déanaigí dearmad - An Chistin 8.00 Dé Céadaoin 8 Deireadh Fómhair.

Siamsa na Seandaoine

Ní dhéanann Pléaráca dearmad ar an seandream nach bhfuil in ann a dhul amach ag freastal ar imeachtaí. Beidh dhá ócáid ar bun dóibh siúd - ceann in Áras Mhic Dara ar an gCeathrú Rua ar an Domhnach 5 Deireadh Fómhair ag 4.00. Is é Joe Steve Ó Neachtain a bheas ina fhear an tí agus beidh slua ceoltóirí, amhránaithe agus damhseoirí leis.

Tá an ócáid seo in Áras Mhic Dara á reachtáil gach bliain ó bunaíodh Féile an Phléaráca agus éiríonn thar cionn i gcónaí léi. Beidh an dara hócáid ar bun in Áras an Chroí Ró - Naofa sa Spidéal ar an Máirt 7 Deireadh Fómhair ag 4.00. Arís beidh ceoltóirí agus fonnadóirí anseo agus beidh an-tráthnóna ann. Ar

Imeachtaí na Féile



Sean Garvey: ag canadh sa gCaladh Mór, An Spidéal, Dé hAoine, 10 Deireadh Fómhair ag 9pm. Beidh sé i dTigh Ruairí, Inis Oírr, Dé Sathairn, 11 Deireadh Fómhair.

an gCéadaoin 8 Deireadh Fómhair, tá Siamsa na Seandaoine eagraithe Tigh Pheacock ar an Teach Dóite. Tá cuireadh ag Ionaide Lae Chonamara anseo - orthu seo tá Ionaide Lae Rosmuc,

Chois Fharraige, Ghlinisce, na nOileán. Beidh an Siamsa ag tosnú ag 2.00 agus is í Norita Ní Chartúir a bheas ina bean-a-tí. Is iad Peadar Keane agus a chairde a bheas ag cur an cheoil ar fáil.

Taispeántais Ealaíne

Nils Udo

Beidh grianghrafanna le Nils Udo ar taispeántas i Seanscoil Sailearna, Indreabhán ón 1 do dtí 31 Deireadh Fómhair.

Beidh seoladh oifigiúil den taispeántas ar an gCéadaoin 8ú ag 6 a chlog. Is i gConamara a tógadh na grianghrafanna seo i mBealtaine 2003.

Léargas pearsanta atá ann ar an dúlra agus an timpeallacht.

Is as an mBaváir sa Ghearmáin é Udo. Bhí 13 duine ag cuidiú leis chun an taispeántas seo a chruthú. Bhí sé ar taispeántas le linn Féile Ealaíona na Gaillimhe.

Ealaíontóirí Óga

Saothar 3D atá anseo agus is toradh é ar an obair a rinne an t-ealaíontóir Áine Ó Dómhnaill as an gCeathrú Rua le páistí i mbunscoileanna Leitir Mealláin, Thír an Fhia, An Trá Bháin, Leitir Móir, An Tulach, an Cheathrú Rua agus An Droim.

Is iadsan a tháinig aníos leis na smaointe agus threoraigh Áine ansin iad ó thaobh ábhar agus an píosa ealaíne a chur le chéile.

Beidh an taispeántas seo á sheoladh i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh ar an Déardaoin 9 Deireadh Fómhair ag 6.00.

Beidh an taispeántas sa leabharlann ar feadh míosa ina dhiaidh sin.

Ealaíontóirí na Scuaibe Fraoigh

Beidh taispeántas de shaothar na gceardlann péintéireachta a bhíonn ar siúl ag Pléaráca i Rosmuc agus i gCill Chiaráin le feiceáil sna hIonaide seo leanas: - Rosmuc: Tigh Chlarke. Tigh an Mháille, An tIonad Sláinte, Séipéal an Ghoirt Mhoir agus Séipéal Rosmuc agus sa Siopa Buí i gCoill Sáile. Seolfar an taispeántas seo Tigh Chlarke ar an Aoine 10 Deireadh Fómhair ag 8.00



Grianghraif ó Chois Fharraige sna daicheadaí le caoinchead ó Bharra de Bhaldrathe...

ar chlé: grúpa buachaillí scoile (an n-aithníonn sibh iad?). Thuas: Micil Ó Fatharta as Clochar na gCon, Beartla Shéamuis Ó Cualáin, Teach Mór agus Seáinín Sheáin Ó Flatharta, Lochán Beag.

Thíos: Bríd Dillon ag sníomh.

Súil Siar

Ar dheis: Kate (Sonny) Uí Dhroighneáin, Aill Bhuí (bean Sonny Thomás Stiofáinín). As Carna di ó dhúchas agus bean mhór ceoil a bhí inti, duine de Cheannabháin Charna.



Stiofán Ó Súilleabháin, Cill Bhriocáin agus a bhean, Julia Uí Nia, 'Jude Mháire Mhór', Turloch, Rosmuc. Bhíodh Stiofán ag bádóireacht i mbád Chonroy in éineacht le Colm Ó Griofa.



Ceardlanna Drámaíochta

Do Dhaoine Fásta

- á socrú don tréimhse Deireadh Fómhair go Nollaig-
Bí i dteangmháil linn!

An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta

Tulach na hÉigse, Camus, Co. na Gaillimhe

Teil: 091-574146

Facs: 091574155

www.drama-gaeilge.com

eolas@drama-gaeilge.com



1896-Tigh Mhaidhcó-2003

Rosmuc

091-574-121

Siopa agus Teach Ósta

Siopa Bia le Peitreal-Flogas-
Videos&rl.

Teach Ósta le neart caint craic ceol
damhsa agus ól. Gach rath ar
Féilé an PHLÉARACA 2003

Comharchumann Chonamara Thiar Teo

CCCTT (Co-op) Teo.

Comharchumann Forbartha Pobal faoi Acht um Forbairt sa
Ghaeltacht 1979.

Bainistíocht agus Riaracháin ar Mhaoin agus Tionscadal
Pobal i gConamara Thiar Theas.

Gach Rath ar

Fhéile an PHLÉARACA 2003

Ó Scairsealbhóirí CCCTT (Co-op) Teo

Fón 095-33436/13 fx. E-Post cbcctt@eircom.net

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

Pictiúir Pas agus Ceadúnais Tiomána
i 60 soicind!

An Cheathrú Rua

Fón: 091-595154/595169

Faics: 091595154

Óstán Chuan Charna

Fón: 095-32255

Faics: 095-32530

Ríomhphost: carnabay@iol.ie

www.iol.ie/~carnabay

Tá fáilte romhat!

Teach a' Daingin

Béal an Daingin, Conamara
091-572502

DEOCH & BIA
GACH CINEÁL CÓISIR

Tigh pheadair mhóir

banrach bán, baile na habhann

beár

Go n-éirí go geal leis an bpleáráca

Ó Éirí go Luí na Gréine

Jackie Mac Donnacha

Bhí sé ar intinn agam, le bliain nó dhó, cuairt a thabhairt ar an tSeapáin. Cén fáth an tSeapáin? Tá col ceathrar liom ag múineadh scoile sa tír sin le cheithre bliana déag, agus bhí sé i gcónaí ag iarraidh orm cuairt a thabhairt air.

Ar an 26ú lá de mhí an Mheithimh, ag an cúig a chlog tráthnóna, fuair mé mo chéad bhlas, nó mo chéad bholadh, den domhan thoir. Ní raibh aon duine as an taobh seo den domhan ar an eitleán ach mé. B'as an oirthear na paisinéirí uilig. Bhí an chos thíos ag an tiománaí, a aghaidh soir, muid ag 37,000 troigh suas, nuair a lig bastard éicint broim uaidh!

Tá broim agus broim ann, ach bhí an boc seo coimhthíoch dáiríre! Weapon of mass destruction ceart a bhí ann. Thug sé ruathar ar fud an eitleáin ar luas lasrach. Chuile dhuine ag breathnú ar an duine ba ghairí dó. Ar ndóigh bhí daoine galánta ann nach ndéanfadh a leithéid seo go brách, ná baol orthu.

D'imigh sé mar a tháinig sé, pé ar bith cá ndeachaigh sé, agus bhí rud amháin cinnte - ní Éireannach a bhí ann!

Ó thuaidh a chuaigh muid, trasna thuaisceart na hEorpa. Thuirling sí ag Narita - Tokyo ag 11.30 maidin Dé Sathairn, turas 12 uair a chloig. Mar gur soir a bhí muid ag dul, bhí sé ina lá an t-achar ar fad. Chaill mé oíche Dé hAoine dá bharr seo, agus is dóigh nach bhfaighidh mé ar ais go brách an oíche sin.

Bhí an tarmac fliuch báite agus cheap mé gur sa mbaile a bhí mé. Ní raibh séasúr na báistí baileach thart fós.

Ach, bhuail an teas marbhánta sin



mé nuair a hosclaíodh an doras. Luigh sé thart orm mar a bheadh cóta mór ann.

Bhí Feichín ag fanacht liom le breith ar lámh orm, agus thug muid aghaidh ar Yokohama, an áit a mbeinn ag cur fúm. Ní raibh mórán le feiceáil ar fud an bhealaigh, ach Paddie Fields. Na mílte acu! Iad uilig faoi uisce.

Iad leagtha amach mar a bheadh siad déanta ag meaisín éicint. Chuile cheann cearnógach, agus an méid céanna, cheapfá. Ní raibh clai na fál idir iad. Go deimhin ní fhaca

mé clai ná fál sa tír sin ar chor ar bith!

Éiríonn an ghrian an-mhoch sa tSeapáin. Bhíodh an ghrian go hard san aer ag a ceathair ar maidin. Ag a sé bhíodh sí chomh hard is a bhíonn sí in Éirinn ag meán lae i lár an tSamhraidh. Ag meán lae bhíodh sí glan díreach os do chionn. Bíonn teas uafásach ann an t-am sin.

Bhíodh mé i mo dhúiseacht chuile mhaidin ag an ceathair a chlog.

Bhíodh préacháin mhóra ag screadach taobh amuigh den

fhuinneog, agus iad chomh mór le laoi bliana. Ba í an teanga chéanna a bhí acu agus atá acu sa tír seo, agus sin Gaeilge – nach ea?

Is é oileán Honshu an t-oileán is mó de na cheithre oileán, agus is ann atá na cathracha móra. Tá 75% den tSeapáin faoi chnoic, iad ag síneadh síos trí lár an oileáin. Tá formhór na ndaoine ina gcónaí thart leis an gcósta. Tá 70% den tír faoi chrainte. Níl aon talamh fágtha le tithe ná foirgnimh a thógáil. Ní bhaineann siad a gcuid crainnte, ach ag iomportáil a gcuid adhmaid ó thíortha eile. Ta spás an-luachmhar sa tír, tá an chuid is mó de na tithe cónaithe déanta as adhmaid agus iad an-bheag, fáiscithe isteach i mullach a chéile. Tá 123 milliún daoine ina gcónaí sa tSeapáin. I Yokohama, san áit ar fhan mé, tá an daonra níos mó ná daonra na hÉireann ar fad. Tá go leor talún cruthaithe acu as an bhfarraige, agus tá caint anois ar aerfort nua as an bpíosa a thógáil ar an bhfarraige. Níl aon rogha acu.

Rud a thug mé faoi deara ar an bpointe ná cé chomh glan is a bhí chuile áit. Ní raibh boscaí bruscair in aon áit sna cathracha, ná ar an traein. Níl aon ghá le boscaí bruscair mar ní chruthaíonn na daoine aon bhruscar. Seo é toil na ndaoine, ní brú ná ordú ón rialtas. An t-aon áit a bhí me bruscar ná póstaer mór de David Beckham a chonaic mé in airde ar chuaille i Tokyo.

Tá an córas taistil do-chreidte. Bíonn traenacha ar an orlach ann, agus iad uilig in am. Tá an oiread acu ann agus dá mbeadh ceann amháin mall dhéanadh sé praiseach den chóras. Cheapfá, scaití, go mbíonn an daonra uilig ar an traein. Bíonn sí pacáilte mar a bheadh scadáin ann. Baineann 22 milliún duine úsáid as an gcóras traenach i Tokyo chuile lá. Bíonn daoine ag chuile stáisiún chun na paisinéirí a bhrú isteach, má bhíonn an traein lán. Is cosúil gur in oifigí a bhíonn chuile dhuine ag obair. Bíonn na fir gléasta amach i

gcultacha, léinte bána, agus carabhat. Cheapfá go mbíonn culaith nua ar chuile dhuine. Bíonn na mná gléasta an-ghálanta. Thart ar chathair Yokohama, ní chaitheann na daoine óga aon fháinní cluas, srón, liopa &rl, cé go gcaitear i Tokyo iad.

Bíonn siad go síoraí ag éisteacht le ceol ar chluasáin. Maidir leis na bóithre, ní fhaca mé aon phot-hole. Ní fhaca mé aon pholl bainte agus deichniúr ag breathnú síos ann. Ní fhaca mé aon bhóthar nach raibh críochnaithe. Ní raibh clocha beaga scaoilte, ná scartha, ná scartha.

Cés moite dom fhéin, agus Feichín, ní fhaca mé aon duine a raibh aon liathachan ina gcuid gruaise. Ní fhaca mé aon duine a bhí ramhar, cés moite don Sumo wrestler a chonaic mé ar tsráid lá. Bhí sé siúd chomh mór le deichniúr.

Tá an tír an-tógtha le Baseball, agus go leor de na páirceanna sin le feiceáil ann. Bíonn na céadta gasúr le feiceáil maidin Dé Domhnaigh agus a gcuid cultacha orthu ag dul ag imirt an chluiche sin.

Tá pubanna ar an orlach ann. Cuid acu an-bheag go deo. Líonann ochtar cuid de na pubanna. Cuirtear fáilte Uí Cheallaigh romhat. Cuirtear bia os do chomhair ar dtús. Má tá dúil agat ann, gheobhaidh tú tuilleadh. Beoir a bhíonn sna pubanna beaga seo. Cuirfear buidéal agus gloine amach chugat, ach ní líonann tú é. Is duine eile a líonann an ghloine i gcónaí, agus líonfaidh tusa gloine duine eile. Sin an nós atá ann. Bíonn fear/bean an tí an-ghealgháireach, agus an-chairdiúil. Níl aon am dúnadh. Dúnann an pub nuair atá an duine deireanach réidh le n-imeacht. Má bhíonn sé ag báisteach ar imeacht duit tugann an t-óstóir scáth báistí duit.

Ní hiontas é go mbeadh an-tóir ar Karaoke sa tír. Caitheann siad an oíche ag gabháil fhoín, go dtí an sé a chlog ar maidin.

Tá na tacsaithe go flúirseach. Ma bhíonn ceann uait beidh sé le do thaobh sula mbeidh do lámh in airde agat. Bíonn culaith ar an

tiománaí, agus miotóga bána. Bíonn éadach bán ag clúdach na suíochán.

Thugadh muid cuairt ar phub Takemi go minic. Tá an cháil air gurb é is fearr ag déanamh Irish Coffee. Níl bréag ann. Ta Gaeilge ag Takemi. Ta 'fáilte', 'sláinte', agus 'póg mo thóin' aige.

Ta an-imní ar Takemi faoin athrú atá ag teacht ar a mhuintir. Ní thaitníonn tionchar an Iarthair leis, go mór mór tionchar Mheiriceá, atá ag sleamhnú leis isteach go mall chun a thíre. Líonann dhá dhuine dhéag an pub.

Bíonn laindéar dearg ar crochadh taobh amuigh de na pubanna chun a thaispeáint gur 'working class' a bhíonn ag ól ann.

Shinto 'bealach na ndéithe' reiligiún dúchasach na Seapáine. Ba é a tháinig ar dtús. Tháinig Budachas ina dhiaidh sin. Baineann Shinto leis an nádúr, rud a bhfuil muintir na Seapáine an-ghar dó, agus an-mheas acu air. Baineann Shinto le huisce, crainnte, an ghrian, cruth na gcloch, an saol seo. Creideann siad go bhfuil suíomhanna aithrid coisricthe, agus tógadh scríneanna sna háiteacha sin. Tá na mílte scrín ar fud na tíre, agus tugtar cuairt orthu go minic. Bíonn geata mór ag chuile scrín, agus fíoruisce ag rith. Ní mór duit do lámha a níochna, agus do bhéal a ghlanadh amach leis an uisce, sula ngabhfaidh tú isteach chuig an scrín.

Baineann Budachas leis an gcéad shaol eile. Is teampaill a bhíonn acu seo agus ach an oiread le Shintó, bíonn daoine ag tabhairt cuairte orthu i gcónaí. Thug muid cuairt ar go leor teampall agus scríneanna.

Tá íomha den Bhuddha in áit ar a dtugtar Kamakura. Íomhá mór millteach atá 14 méadar ar airde, agus 121 tonna meáchain. Tugann na mílte cuairt air chuile lá.

Tá na teampaill fíor álainn, agus faigheann siad aire na gloine.

Bhí sé ar intinn agam gan an tír a fhágáil gan cuairt a thabhairt ar

Hiroshima. Cathair mhór leathan, nua-aoiseach. Ag an stáisiún traenach is féidir leat dul in airde deich gcinn de *elevators* suas go dtí an 'sky walk' mar a thugtar air. Tá radharc ar Kyoto uilig as seo. Tá cnoic mórthimpeall ar an gcathair. Is iontach an radharc é. Suíomh álainn.

Bíonn na sráideanna lasta san oíche le laindéir dhearga, na céadta acu chaon taobh den tsráid.

Chuaigh muid isteach i bpub an 'Hill Of Tara'. Bhí bialann leis. Bhí Connemara Sirloin steak ann, Connemara Single Malt (peated) agus Connemara Pot Still?? Rudaí nach bhí fada Conamara riamh, ach ag ligean orthu fhéin. Ba le Seapánach é, agus é ligthe aige le fear as Luimneach. Dúirt mé leis gur peaca mairfach a bheith ag tabhairt ainm Chonamara gan fáth. Níor thuig sé.

Bhí beoir 5.60 euro, Guinness an méid céanna, agus ag an Happy Hour ní bhíonn an pionta ach 4.20 euro.

Bhí pictiúr mór breá de Joe Rabbitte ar an mballa.

Maidin lá arna mhárach chuaigh muid go Hiroshima. Níl an chathair an-mhór, b'fhéidir beagán níos mó ná Gaillimh. Tá an daonra thart ar milliún go leith. Cathair an nua-aoiseach. Go leor gloine.

Tá Páirc Síochana anois thart ar an áit ar scaoil Meiriceá an Buama Adamhach. Tá an foirgneamh ansin ar an spota ar phléasc an buama, ar maidin Luan, an 6ú lá de Lunasa 1945. Gar dó, tá tulach, nó cnocán beag, agus féar glas ag fás air. Faoi gcnocán sin ta luaithreach 200,000 duine, an chuid is mó acu a loisceadh ina mbeatha ar an lá sin, agus cuid eile a fuair bás ina dhiaidh sin. Rinne an buama smionagar den chathair ar an bpointe. Tá go leor eile sa bpáirc; an Peace Bell, a bhfuiltear chuile lá, agus atá le cloisteáil ar fud Hiroshima, Cenotaph for the A. Bomb Victims, The Flame of Peace, a bhíonn ar lasadh i gcónaí, Músaem, agus áit a dtugann daoine a tháinig slán caint do chuirteoirí agus do ghasúir scoile. Níl muintir

Hiroshima searbh, tar éis ar tharla dóibh. Níl uathu anois, ach iarracht a dhéanamh a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid seo arís. D'éirigh Hiroshima as an luaithreach, agus is mór an spóirt í mar chathair. D'airigh mé an-aisteach ann. Níl a fhios agam fós cén fáth?

Ní dhéanfaidh mé dearmad go brách ar an gcnocán beag sin.

Tháinig mé trasna ar Haiku cúpla lá ina dhiaidh sin. D'aistrigh sé rud eicint mar seo;

'Breoite ar thuras, in aisling siúlaim na goirt sheargtha.'

Nach bhfuil se scanrúil, go bhfuil os cionn 30,000 diúracán in armlann an domhain, agus chaon cheann acu níos cumhachtaí ná na buamaí a scaoil Meiriceá ar Hiroshima, agus Nagasaki!

Tá go leor Seapánach a cheapann go bhfuil Bush an-chontúirteach, agus tá go leor, leor, a aontaíonn leo.

D'fhan muid sa gcathair an oíche sin, i dteach lóistín. Ní raibh aon leaba ann, ach 'futon'. Mattress ar an urlár.

Ní chreidfeá ach chomh compordach is a bhí sé. Fuair muid bricfeasta breá ar maidin. Thart ar 20 euro an duine.

Tá Capsule Hotels le haghaidh Seapánach nach dtéann abhaile tar éis a gcuid oibre. Is féidir leo culaith nua a cheannach ar maidin, san óstán, agus ní bheidh a fhios ag aon duine nach ndeachaigh siad abhaile an oíche roimhe sin. Tá na hÓstáin seo cosúil le spásárthach!

Bhí Pas Taistil ceannaithe agam in Éirinn, sular imigh mé. Chosain sé 28000 yen. (240 euro) Shábháil an pas sin timpeall 2000 euro dom. "Bullet train" a thugtar ar an Shinkansen, agus déanann sí thart ar 186 míle san uair. Tá siad an-chompordach.

Tagann freastalaí thart chuile

leathuair, má bhíonn tada ag teastáil uait. Tagann ceannlínte na nuachta anois ar an scáileán i chuile charráiste, chomh maith le tuar na haimsire, an t-am &rl.

Baineann go leor daoine úsáid as an rothar. Ní ar an mbóthar a bhíonn siad, ach ar an gcasán siúil. Ní mór duit a bheith an-chúramach, caitear géilleadh dóibh, agus is cosúil nach mbíonn aon choscáin ar na rothair.

Ceapann cuid acu go bhfuil Éire sa Ríocht Aontaithe (tá a fhios acu anois nach bhfuil) An dream a bhfuil a fhios acu nach bhfuil, cuireann sé iontas orthu go bhfuil an t-eachtrannach sa tír seo fós.

Tá go leor Seapánach ag déanamh staidéir ar Ghaeilge. Bíonn ranganna Gaeilge ag Feichín cheithre thráthnóna sa tseachtain, i Tokyo agus Yokohama.

Tá an saibhir agus an daibhir ann ar nós chuile thíre eile!

Ceanaíonn 22 milliún duine an páipéar Daily Yomiuri! Léitear leabhair Seapáinise ó dheireadh an leabhair, ó dheas go clé, agus síos suas a bhíonn na línte! Ta an-tóir ar na Comics, agus bíonn a lán daoine fásta á léamh ar an traein!

Ag 20 bliain a dhéanann na daoine óga ceiliúradh, agus ní ag 21 mar atá anseo. Chuile dhuine a bhíonn 20 bliain d'aois i gceantar amháin, tagann siad uilig le chéile. Bíonn méara na háite ann, agus polaiteoirí áitiúla.

Tuigim nach mbaineann na daoine óga fein móran sásaimh as an oíche.

Tá an t-uisce maith go leor. Ní hé uisce Loch an Óir é, ach, níl aon chaill air.

D'fhág mé an áit a n-éiríonn an ghrian ar an Luan, 14ú Iúil, ag leathuair tar éis a haon.

De bharr gur siar a chuaigh mé, bhí mé san áit a dtéann an ghrian síos ag leathuair tar éis a hocht an tráthnóna céanna.

Ach an oíche Aoine sin a chaill mé, agus mé ag dul soir, ní bhfuair me tásca na tuairisc uirthi. Nach gceapfá go gcasfaí liom í, ar an mbealach anoir?

Tá Séamus Breathnach ina Chomharleoir Contae neamhspleách ar Chomhairle Contae na Gaillimhe ó 1999. Is é cathaoirleach Choiste Comhairleoirí Chonamara é do 2003. Anseo déanann sé roinnt anailíse ar an bPlean Nua Forbartha do Cho. na Gaillimhe.

Plean nua forbartha do Chontae na Gaillimhe

Cuireadh plean nua forbartha do Cho. na Gaillimhe i bhfeidhm an Bhealtaine seo caite tar éis é a bheith glactha ag na comhairleoirí an mhí roimhe sin. Tá an phlean ann chun forbairt agus usáid talún a threorú, chun an tuath a chosaint agus a chaomhnú agus chun saibhreas eacnamaíoch an chontae a chur chun cinn.

Chomh maith leis sin tá sé mar aidhm ag an bplean an Ghaeltacht a dhaingniú agus tacadh le tábhacht na Gaeilge go nairsiúnta agus go háitiúil, agus ag an am céanna an teanga a chosaint mar acmhainn chultúrtha.

Cé go ndéileáil an phlean le níos mó ná tithe agus pleanáil, níl ach ceist amháin i mbéal daoine atá ag lorg cead pleanála i gConamara – “An mbeidh sé níos easca nó níos deacra de bharr an phlean nua seo teach a thógáil”? Bí cinnte go raibh na comhairleoirí ag iarraidh go mbeadh sé níos éasca do dhaoine ar cuid lárnach den phobal tuaithe iad de bharr gur pobal dúchasach iad nó de bharr go bhfuil siad ag obair i gceantair thuaithe go lánaimseartha nó go páirtaimseartha.

Níl freagra simplí ar an gceist, mar braitheann an cinneadh a dhéantar ar an gcás aonair. Braitheann sé freisin ar an míniú a bhainfidh an Rannóg Pleanála as an bplean nua seo agus an



Séamus Breathnach: cathaoirleach Choiste Comhairleoirí Chonamara é do 2003.

dtagann sé le polasaí rialtais i mBaile Átha Cliath.

Má tá tú ag déanamh iarratas pleanála, caithfidh an suíomh a bheith feiliúnach i gcomhar forbartha sna trí réimse seo: (1) séarachas (2) sábháilteacht bóthair (3) caomhnú speisialta áilleachta

Throid na comhairleoirí le go gcoinneofaí an ceart a bheith ag duine teach aonair a thógáil ach tá coinníollacha sa phlean. Tá níos mó seans agat cead pleanála a fháil

(1) Má tá tú ag brath ar an talamh -

Tá cáilíocht faoin gclás seo teoranta do mhac nó iníon an fheirmeora/úinéir na talún agus a bhfuil riachtanas tithíochta acu sa gceantar. Tógfar san áireamh riachtanas mac, iníon,

dearthár, deirfiúra, nia nó neacht an fheirmeora/úinéir na talún nó sealbhóir feirme atá ina chónaí nó fostaíthe sa gceantar ag brath ar gach cás aonair.

Tá cáilíocht freisin faoin gclás seo, i gcásanna speisialta, ag daoine le postanna nó fostaíocht sa gceantar áitiúil, imirceoirí ar mian leo filleadh ar an gceantar ach nach féidir leo cead pleanála a fháil nó nach féidir leo suíomh a fháil ar thailte a muintire ina gceantar dúchais. Déanfar machnamh speisialta ar imirceoirí atá ag teacht ar ais chuig a gceantar tuaithe tar éis éirí as a gcuid oibre thar lear.

Áiseofar daoine áitiúla atá dúchasach don cheantar i.e. a bhfuil ról lárnach acu i bpobal tuaithe an cheantair, ach nach bhfuil suíomh óna muintir acu.

(1) má tá riachtanas práinne tí cruthaithe agat. Is éard atá i gceist anseo más ón tuath tú i gceantar agus i suíomh nach gceadófaí forbairt air ach amháin sa gcás sin.

(2) má thacaíonn tú le heacnamaíocht na tuaithe

(3) nó má tá tú rannpháirteach i ngníomhaíochtaí eacnamaíoch na tuaithe.

Bhí coinníoll *enurement* leis an gcuid is mó de na ceada pleanála a tugadh i gConamara ó 1997, sin nach raibh cead an teach a thógfaí a dhíol go deo. Throid na



comhairleoirí chun é seo a athrú agus beidh coinníoll *enurement* nua i bhfeidhm de réir an phlean nua. Beidh cead agat anois do theach a dhíol théis deich mbliana. Is é seo a leanas an choinníoll *enurement* nua.

“Beidh usáid tithe molta teoranta go húsáid mar áitreabh an iarrthóra, clann, oidhrí, seiceadóirí, riarthóirí nó daoine bainteach le gníomhaíochtaí talmhaíochta nó gníomhaíochtaí bainteacha, imirceoirí ag filleadh ar ais nó iad siúd le riachtanas tithíochta riachtanach sa gceantar tuaithe seo, ach amháin san áit go bhfuil a mhalairt aontaithe ag an Údarás Pleanála do thréimhse 10 mbliana.

“Ní chuirfear, tús le haon fhorbairt go dtí go mbeidh comhaontas lena mbaineann an coinníoll seo i bhfeidhm leis an Údarás Pleanála faoi réir Alt 47 d’Acht Pleanála agus Forbairt 2000 laistigh de mhí amháin ó bronnadh an cead pleanála.”

Dá réir sin beidh duine in ann an teach a dhíol tar éis an teach a bheith tógtha ar feadh deich mbliana.

Beidh sé níos déine cead pleanála a fháil sna ceantair atá ag síneadh go dtí líne 15 cilóméadar timpeall Chathair na Gaillimhe

Ní cheadófar níos mó tithíochta a ghineadh go huirbeach laistigh den teorainn 15km. seo. Roimhe seo bhí áiteanna ann, abair, thart ar Mhaigh Cuilinn agus cheantar Bhearna ina raibh duine in ann cead pleanála a fháil agus an suíomh a dhíol. Tá an lá sin imithe.

Tá sé scríofa i bPolasaí 93 sa bPlean go mbeadh cead ag teaghlaigh an sean-teach a leagan chun teach nua a thógáil ina áit. Níl gá riachtanas tí a chruthú sa gcás seo ach ní bheadh cead an teach a dhíol ar feadh deich mbliana. Tá an polasaí seo tábhachtach do chlann atá ag obair thar lear agus ag iarraidh caoi a chur ar an teach inar tógadh

iad. Tá baol áfach go bhfuil daoine sa Rannóg Pleanála ag caint ar theach den chineál díreach céanna a thógáil agus go gcaithfeadh duine grianghrafanna a thógáil chun an cás a chruthú. Ní hé sin a bhí i gceist ag na comhairleoirí nuair a scríobhadh an t-alt.

Tá áit speisialta ag an nGaeltacht sa bplean. Is oidhreacht uathúil agus luachmhar iad teanga agus cultúr na Gaeltachta, agus is aidhm náisiúnta iad a chosaint agus a chaomhnú. Tá an aidhm seo mar chuid d’Acht Pleanála agus Forbartha 2000 anois.

Is é ról an Údaráis Pleanála i bhfeidhmiú na haidhme seo ná oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint trí mhachnamh speisialta a dhéanamh ar chead pleanála d’iarrthóir a labhrann Gaeilge agus atá cáilithe faoin bpolasaí tithíochta tuaithe.

Go n-éirigh an tádh le...
Féile Phléaráca Chonamara



PURE MAGIC


Stáisiún Seirbhís Bhreathnach

Casla

091-572456/572169

Mobile: 087-2525088

Seirbhís Alsghabháia 24 uair a chloig
Trealamh lascaireachta



RAPIRE
TEORANTA

Indreabhán

Co. na Gaillimhe

Teil: 091-593211

Facs: 593078



AER ÁRANN

AERFORT CHONAMARA

Eitiltí Laethúla go dtí Oileáin Árann

Oifig Eolais: Aer Árann

Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán

Facs: 091-593034 & 593054

Óst na nOileán
- TIGH LEE -

Leitir Mealláin 551161

Óst & Bialann
Ceol gach deireadh seachtaine

Go n-éirí leis an bPléaráca



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
 National University of Ireland, Galway

Áras Mháirtín Uí Chadhain

- Cúrsaí Gaeilge: Daoine fásta, Mic Léinn Triú Leibhéal, Eachtrannaigh,
- Cúrsaí Deireadh Seachtaine, Sainchúrsaí do Chomhlachtaí
- Ranganna Oíche Gaeilge do Daoine fásta
- Dioplóma sa Gaeilge
- Ranganna Oíche Riomhaireachta trí gaeilge (ECDL)
- Seirbhís Rúnáiochta trí gaeilge don phobal

Bróisiúr agus gach eolas: Áras Mháirtín Uí Chadhain'

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091 / 595101 Facs: 091 / 595041

ríomhphost: caitriona.uichualain@oegaillimh.ie



COMPLETE
 LABORATORY
 SOLUTIONS

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO

ROS MUC

CO. NA GAILLIMHE

TEIL: 091-574355

INFO@CLS.IE

WWW.COMPLETELABSOLUTIONS.COM

NÍOS FAIDE NÁ RAON NA SÚILE



CUMANN HÚICÉIRÍ NA GAILLIMHE

Cathaoirleach: Séamus Breathnach

Rúnaí: Pádraig de Bháldraithe

Cisteoir: Ruaidhrí Ó Tuairisg

Oifigeach Caidreamh Poiblí: Cóilín Ó hIarnáin

Fáilte ar ais roimh Mhuintir Nis!



Beirt pháistí ag rang ealaíne i Nis.

I 1999 tháinig deich nduine fhichead as Nis ar Oileán Leodhais na hAlban ar cuairt chuig Conamara le linn Fhéile Phléaráca Chonamara. I Lúnasa 2000, d'eagraigh Pléaráca grúpa ceoltóirí agus damhseoirí le dul anonn chuig féile i Nis, Céilidh san IarThuath.

Bhí an-spraoi ag gach duine a chuaigh ar an turas seo agus déanadh cur síos maith air in iris Pléaráca 2000. Anois, tá muintir na hAlban ag teacht ar ais! Le tacaíocht ó Iomairt Cholmcille agus ar chuireadh ó choiste an Phléaráca tá deichniúr as Nis ag

teacht anall. Idir ceoltóirí, damhseoirí agus amhránaithe beidh siad linn i rith sheachtain na féile agus tá súil againn go mbainfidh said sásamh agus tairbhe as a gcuairt.

Tá Nis suite ar chósta thoir thuaidh Oileáin Leodhais, ar chósta thiar na hAlban. Is ón traidisiún Lochlannach a fuair Nis a ainm agus tá lorg chultúr na Lochlannach láidir go maith fós sa gceantar, é seo le feiceáil go háirithe i gcumas agus ábaltacht mhuintir na háite ar farraige. Tá cosúlacht láidir idir báid thraidisiúnta an cheantair agus na

cineálacha bád a bhíodh ag na Lochlannaigh fadó. Is ceantar gnóthach é atá ag brath go láidir fós ar fheirmeoireacht. Croft a thugtar ar na cineálacha feirmeacha a shaothraíonn siad.

Tá cáil ar Nis mar gheall ar an oilithreach bhlantúil a dhéantar chuig oileán Sula Sgeir, atá dhá scór míle i bhfarraige ó thuaidh de Phort Nis. Is chun an Guga, nó na gainéid óga a mharú a dhéantar an turas seo. Caitear suas le coicís á dhéanamh seo agus maraítear suas le 2000 éan. Tá an-tóir ar an Guga mar mhias blasta áitiúil. Nuair a tháinig muintir Nis anall i

1999, thug said an Guga leo agus réitigh said é ag oíche cheoil in Óstán na nOileán.

Fuair gach a bhí i láthair blaiseadh den éan. Tá an chuid is mó de phobal Nis fós ag maireachtáil faoin tuath ag feirmeoireacht, iad ag coinneáil beithíoch cé go bhfuil laghdú mór tagtha ar an gcuradóireacht. Baintear móin ann i gcónaí, ceird atá ar an oileán le cheithre mhíle bliain.

Tá lagtrá tagtha ar thionscal na hiascaireachta agus na fíodóireachta. Táthar ag brath go mór anois ar thurasóireacht agus déantar margaíocht láidir ar an nGaidhlig agus ar an nGaidhealtachd. Reachtáileann Taigh Dhonnchaidh, teach ealaíne agus ceoil a hosclaíodh go hoifigiúil le linn chuairt mhuintir Chonamara i 2000, Scoil Samhraidh gach bliain bunaithe ar an nGaidhlig agus an cultúr a bhaineann léi. Freastalaíonn cuairteoirí as Albain, Meiriceá agus fiú amháin chomh fada ó bhaile leis an Astráil ar an Scoil.

Bíonn an-tóir ag lucht dreapadóireachta agus freisin acu siúd a bhfuil suim acu sa nádúr teacht go Nis mar go bhfuil alltracha móra an chósta an-fheiliúnach don dá chaitheamh aimsire seo.

Tá an ceantar lán le hiarsmaí ó ré na réamhstaire - iad le feiceáil ar na machair agus ar an sliabh. Tá fothrach cillín manaigh i Luchruban. Tá Dún Eisdean, oileán beag timpeallaithe le halltracha suite ag an bpointe is faide ó thuaidh de Nis. Dún-áras nádúrtha é seo a gcúlódh na Morisons, chuige in aimsir chogaidh nuair a bhíodh an choimhlint ag dul ina n-aghaidh. Tá sé seachtú cúig le leathchéad slat agus é scartha ón bpríomhoileán ag caolas a dtagann an fharraige isteach ann ar thaoide ard.

Tá teampall ón 14ú aois fós á úsáid san áit a mbíodh an baile beag is faide ó thuaidh in Albain, Eoropie. Tá Clach na Truiseil suite i Ballantrushal, é 5.7 méadar ar airde, an t-aon chloch dá cineál fanta i dtuaisceart na hAlban. Is ann a deirtear a bhí an cath mór deiridh idir Clann Morison Nis agus Clann Mhac Aulay as Uig.

Tá Músaem bunaithe ag muintir Nis ag tabhairt eolais faoin stair seo uilig agus ag taispeáint iarsmaí agus oirnis ón saol a caitheadh. Tá iarracht mhór á déanamh traidisiún agus cultúr na Gaidhealtachda á choinneáil beo sa gceantar. Cuirtear béim mhór ar ranganna do dhaoine óga a chur ar fáil i Taigh Dhonnchaidh agus sna scoileanna áitiúla. Bíonn fuaim na bpíopaí, an mhíleoidin agus go leor uirlis ceoil eile le cloisteáil i rith na bliana ar fad á mealladh siúd a bhfuil suim acu a bheith páirteach in imeachtaí éagsúla.

Tigh Mhórain

Carna 095-32570

Beár, Beatha, Ceol & Craic

Peter & Jane Fitzpatrick

EUROPUS

AN COMHLUCHT TEANGA

Comhairleoireacht Teanga

Aistriúcháin Fothidealú
Aistriúcháin Comhuaineach

EUROPUS TEO

1 Sr. na Mumhan
Baile Phib
Baile Átha Cliath 7

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Teil: 01-830 4529
Faics: 01 830 6611

Teil: 091-595359
Faics: 091-595351

Ríomhphost (e-mail) europus@indigo.ie
<http://indigo.ie/europus/>

Stiúrthóir: Áine Ní Chonghaile

Abair ceart é - abair trí Europus é



Giorcal Scríbhneoirí Óga in éineacht le Tadhg Mac Dhonnagáin. Féach a gcuid saothar ar leathanaigh 15 - 20.

www.foinse.ie

Glac sintiús le

Foinse

Priomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge

091-595520

SOCOS
teo
Troscán & Soláirtí Oifige

Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 593301
Facs: 091 593303

Cartaí Bainise

**AON ÁBHAR ATÁ UAIT I gCÓIR NA hOIFIGE
TÁ SÉ AGAINN**

NA FILÍ

Beidh Tráthnóna Filíochta na Féile ar bun i Leabharlann na Ceathrún Ruaidhe ar an Máirt 7 Deireadh Fómhair ag 7.00. Is iad na filí a bheas ag léamh ná Jackie Mac Donncha, Gearóid Mac Lochlainn agus Pádraig Ó Snodaigh. Tá an ócáid seo urraithe ag Áras na Scríbhneoirí.




An Chloch Leighis

Dúirt tú liom gur mhaith leat cloth leighis,	drochchloch, mar tá fuil theasaí ag bualadh istigh duit,
go n-inseofá do léan is do liach,	páis mar réaltaí ag pléascadh duit,
go dtógfadh sé an trombhuairt i do bhrollach,	is ní féidir a rá nach mbrisfinn i mo smionagar, nach dtitfinn i lionn dubh leat, nach dtitfinn dúnta i ngrá leat.
go scaipfeadh sé cneácha an scáthshaoil. D'éist mé le gach focal,	
thuig mé an brón ar do bheola.	le Gearóid Mac Lochlainn ón leabhar Sruth Teangacha/Stream of Tongues le caoinchead ó Chló Iar- Chonnachta.
Is, a stór, bheinn mar lia leighis ach dhéanfainn	

Gearóid Mac Lochlainn

Is as Béal Feirste Gearóid Mac Lochlainn agus tá sé ar dhuine de na nuascríbhneoirí is mó in Éirinn sa lá atá inniu ann. Tá trí chnuasach filíochta foilsithe aige go dtí seo - Babylon Gaeilgeoir (An Clochán 1997), Na Scéalaithe (Coiscéim 1999) agus Sruth Teangacha (CIC 2002). Is ceoltóir é chomh maith leis an mbanna ceoil reggae Bréag. Tá saol a chathair dhúchais agus tionchar na dtrioblóidí ag teacht tríd go láidir ina chuid filíochta. Sa chnuasach Sruth Teangacha, pléann sé an choimhlint idir mionchultúr na Gaeilge agus mórchultúr an Bhéarla. Dúirt Cathal Ó Searcaigh faoi "Tá Gearóid Mac Lochlainn ag séideadh anáil bheo na n-óg isteach i seanscamhóga na Gaeilge, ag cur na fola a choipeadh arís ina cuisilí, ag cur fonn suirí uirthi i dtearmann an dáin"



Jackie Mac Donncha

Tháinig an chéad chnuasach filíochta le Jackie Mac Donncha *Gaineamh Séidte* amach in Earrach 2003.

Is as Cill Chiaráin i gConamara é Jackie. Foilsíodh dánta leis sa leabhar *An Chéad Chló*

(CIC 1997) agus tá dán dá chuid i n*Duanaire an Chéid* (CIC 2000). Scríobhann sé scéalta agus amhráin chomh maith. Taifeadh amhráin dá chuid ar na halbaim Réalta '95 agus Réalta '96.

Mordán

Dá mbeinn i m'fhaoileán
D'éireoinn

Agus gan stad
sheasfainn ar bharr
Mhordán maorga.

Chuirfinn caidéis ar na
néalta


Agus ar na réalta
Agus chroithfinn lámh
Le fear na gealaí.

Nífinn m'éadan
i ndrúcht draíochtúil
na maidine.
Thriomóinn sa bhfraoch
agus sa bhfiatail.

Amharc aerach
soir, siar, thuaidh, theas.

Thógfainn pictiúr le mo
shúil
réalóinn i m'intinn
agus
thaispeánfainn don
domhan mór
a bhfaca mé

le Jackie Mac Donncha ón
leabhar "Gaineamh
Séidte" le caoinhead ó
Chló-IarChonnachta



Pádraig Ó Snodaigh

File, léirmheastóir agus foilsitheoir é Pádraig Ó Snodaigh. Bhunaigh sé an comhlacht foilsitheoireachta Coiscéim. Tá an t-uafás saothair faoina ainm, idir fhilíocht, léirmheasanna ar stair na tíre seo agus athbheochan na teanga, aistriúcháin ón Iodáilis agus ficsean.

Tá filíocht Ghaeilge agus Béarla foilsithe aige *Poems* 1961; *Cumha agus Cumann* 1985; *Cúl le cúl* Coiscéim 1988; *Ó Pharnell go Queenie* Coiscéim 1991.

Caitlín 1

Deora

Fá bhalla

Chlós ár n-uaignis

Gach siolla uait

Ar phár

Ad'uireasa

Ga

Go smior

Na cuimhne

Gach nóta uait

Ar chlár

Ad'uireasa

Tocht

Go deo

Gach tagairt duit

Gach trácht

Gach rá

Ad'uireasa

Cé seoid

Dob ea

Do bheith

Don seal beag féin

Anseo

Ár dteanntana.

le Pádraig Ó Snodaigh.

EALAÍONTÓIRÍ SNA SCOILEANNA



Taispeántas ceardaíochta traidisiúnta ó Ard Mhúsaem na hÉireann: ag léiriú na nósanna a bhain le féilte traidisiúnta na bliana ar nós déanadh crosóga Bríde.

Liam Mac Uistin

Is úrscéalai, gearrscéalai, dramadóir agus file é Liam. Tá a lán duaiseanna buaite ag a shaothar i gcomórtais liteartha an Oireachtais.

Scríobh Liam *Ceol an Ghrá*, an taon amhrán Gaeilge a cloiseadh ariamh sa gcomórtas euróifise.

Tá a lán leabhar don léitheoir óg scríofa ag Liam. Ina measc, tá *An Táin*, *Deirdre*, *Mír* agus *Éadaoin*,


Clann Tuireann, *Learaí*, *Dorád* agus *An Geall* a d'fhoilsigh Cló Iar-Chonnachta le gairid. Beidh CIC ag foilsiú *An Síofra*, leabhar nua le Liam go gairid agus tá drama dá chuid *Cailc*, a bhaineann le saol



Liam Mac Uistin



Gwynth Wynn Uí Ghaora



Colmán Ó Raghallaigh.

scoile sa lá inniu á chraoladh sa tsraith drámaí i nGaeilge atá á léiriú ag Raidió a hAon i rith an Fhómhair.

Colmán Ó Raghallaigh

As Co Mhaigheo é Colmán Ó Raghallaigh agus a chomhlacht foilsitheoireachta féin aige ansin, Cló Mhuigheo. Tá an-cháil bainte amach aige lena leabhair do dhaoine óga - ina measc *Drochlá Ruairí*, *An Sclábhaí* agus *An Tóraíocht*. Bhuaigh sé gradam Bisto faoi dhó leis an dá leabhar *An Sclábhaí* agus *An Tóraíocht*, seanscéalta Naomh Pádraig agus Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne agus iad léirithe go nua-

aimseartha i bhfoirm cartúin.

Gwynth Wynn Uí Ghaora

Tá aithne ar Ghwyn ar fud Chonamara de bharr a cuid saothar ealaíne agus a cuid leabhair do pháistí. As an mBreatain Bheag í Gwynth ó dhúchas ach tá conaí uirthi le blianta anois i Rosmuc. Siad na leabhair atá scríofa aici do pháistí ná *Micí* ar an bPortach, *Micí* ar Strae agus *An Crann Beag*.

Colm de Bhaldrathe

Beidh Colm ag déanamh ceardlann drumadóireachta nó rithim leis na páistí scoile. Tá an-taithí aige air seo. Bíonn sé ag

cleachtadh le grúpa drumadóireachta i nGaillimh agus chuir said taispeántas ar bun sa mBlack Box i mí Iúil. Beidh sé ag cur taispeántas ar fáil chomh maith ag oscailt na féile. Rinne Colm ceardlanna drumadóireachta i mbliana ar Champaí Samhraidh Phléaráca agus d'éirigh thar cionn leo.

Vivian Lynn agus Deirdre Power ó Ard Mhúsaem na hÉireann

Bunaithe ar ábhar i mbailiúchán an Ard Mhúsaem, beidh Deirdre agus Vivian ag léiriú na nósanna a bhain le féilte traidisiúnta na bliana ar nós déanadh crosóga Bríde, suantais lá'l Pádraig, traidisiúin na Samhna, maisiúcháin Nollag, cluichí traidisiúnta agus go leor eile.

ÓSTÁN AN DÓILÍN

AN CHEATHRÚ RUA 091-595169

Déanfar freastal ar gach cineál ócáid, cóisir nó bainis

ÓSTÁN NA CEATHRÚN RUA

AN CHEATHRÚ RUA 091-595116

Deoch ar do chompórd sa tSailchuach

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Óstán na Páirce

AN SPIDÉAL

Teil: 091-553159 Faics: 091-553494

Do'd bhainis nó do'd chóisir

Gach eolas ó Ghearáidín Ní Fhoighil

Nead Síoda

ART & TEXTILE DESIGN STUDIO

Dearthóireacht teicstíle, dathú éadach lámhphriondálte, péintéireacht & fíodóireacht

Taipéisí, pictiúir, cartaí, marcleabhair, gach cineál bronnantas speisialta

Hilaraí Nic Cába,
Dearthóir Teicstíle
091-595314

Cois Lochá
Gleann Mór
An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

Th nás Ó hÍr & a Chomhpháirtí

Comhairleoirí i n-innealltóireacht thionsclaíochta. (Industrial Engineering)

Seirbhísí

- Feabhsú & leagan amach línte tairiú-gnó (productivity improvements)
- Coráis sláinte & sábhála san ionad oibre (Health & Safety)
- Seirbhís iniúcháir (auditing). (m.s.h coráis ISO 9000, ISO 14000, srl.)
- Díol, comhairleoireacht & traenáil do bhog-earraí ríomhaireachta (computer software) do chórais feabhsú caighdeán agus innealltóireachta.

Paradigm II
Work Management Processor

Flexsim Simulation Software

SQCpack 2000

Os cionn 10 mbliana i mbun oibre!

Cumas

Ionad Fiontair,
Ros Muc,
Co. na Gaillimhe.
091/574353
cumas@eircom.net
www.cumas.ie

Tá Cumas ar cheann de 38 Páirtíochtí sa tír atá ag cur i bhfeidhm an Chláir Fhorbartha Áitiúil d'Áireamh Shóisialta le airgeadú ón Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.

Tá cuid mhaith Cláracha, le cabhair airgid & foirne, á reachtáil againn, a thugann tacaíocht do Phobail Chonamara & Árann tabhairt faoi an míbhuntaiste & easpa deiseanna dul chun cinn. Bíonn fáilte i gconaí roimh teagmháil.

Oifig Seirbhís Eolais: An Chrannóg, Ros Muc, 091/574122.

Oifig Oideachais Chumais: Casla, 091/506943.



mfg teo



Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe
Tacaíocht d'Fhorbairt Tuaithe

Gach Eolas Ó:

Deirdre Ní Churraidhín, Bainisteoir Réigiúnach,
Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta
Páirc Ghnó Shailleama, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091) 593410

Facs: (091) 593728

Ríomhphost: mfggaillimh@eircom.net

Nioclás P. Ó Conchúir

Leitir Mór
Teil: 091 551114; Fais: 091551258

SIOPA CRUA-EARRAÍ

PLUIMÉIREACHT • ADHMAD
EARRAÍ LEICTREACH • PÉINT

E-POST NICHOLASOC@EIRCOM.NET

Is minic gur scéalta cruatain agus uaignis a bhaineann leis an imirce ach ní hamhlaidh do Tom Barrett seo a d'fhág an scoil agus a bhaile i bhFoirmis i Leitir Mealláin agus é trí bliana déag le dul ag foghlaim ceird na táilliúireachta. Labhair sé le Meta Uí Mháille

"T. Barrett of Boston"

Chuaigh mé soir taobh thoir de Ghaillimh, chuig Baile Átha an Rí nuair a bhí mé trí bliana déag d'aois. B'as Ciarraí ó thús an táilliúir a bhí mar mháistir agam, ag foghlaim a bhí mise ag an am sin ar ndóigh. Is ag déanamh cultacha éadaigh agus cótaí móra do na stórtha i mBaile Átha an Rí a bhí muid. Is é an chéad chúram a bhí ormsa ná dul amach agus an t-éadach a cheannach, an líneáil agus na cnaipí agus chuile rud a bhí ag teastáil leis an gculaith a dhéanamh.

Bhíodh táilliúirí eile ann freisin, suas le seisear scaití, bhíodh siad ag teacht agus ag imeacht - journey men a thugtaí orthu. Bhíodh siad ag imeacht ar fud na hÉireann, ní fhanadh siad in aon áit níos faide ná seacht seachtaine, ach b'éigean domsa fanacht mar ní raibh an t-eolas agam. Chomh maith le bheith ag déanamh cultacha bhíodh muid ag iompú amach cótaí móra. Nuair a bhíodh an t-éadach caite nó tréigthe, scaoilte an cóta óna chéile agus d'iompófaí amach é le haghaidh píosa eile a bhaint as. Ba cultacha agus éadach fir is mó a dhéanadh muid agus cótaí mná. Bhí an saol go dona ag an am sin. Bhí beagán uaignis orm ar dtús i ndiaidh an bhaile. Ní raibh aon deacracht agam leis an mBéarla, bhí mó dhóthain de sin agam.

Bhí fear eile as na hoileáin ag obair in Óstán Hansberry ag an am, Máirtín Kelly. Bhí sé go deas duine éicint aitheantais a fheiceáil. Bhí sé thart ar an aois chéanna liom fhéin. Chuaigh seisean go Chicago ina dhiaidh sin.

Tógann sé chúig bhliana printiseachta le bheith i do tháilliúir. Dhá bhliana a bhí mise i mBaile Átha an Rí. Cailleadh an táilliúir a raibh mé ag obair dó. D'fhág sé an meaisín fuála agus rud ar bith eile dá raibh ann agamsa. D'fhanainn ann ach ní raibh mo dhóthain eolais agam ar an obair, bhí go leor le foghlaim agam. Tháinig mé go Ruisín na Mainíoch ansin. Bhí uncail agam ansin a bhí ina tháilliúir, Barrett a bhí air fhéin.

Éadach flainín is mó a bhíodh in úsáid i gConamara ag an am. Ní raibh mórán tomhais ag teastáil ó na treabhsair sin, bhí siad fairsing agus bhíodh tú in ann iad ar fad a dhéanamh as an bpatrún céanna. Bhí mé ag obair le m'uncail i Ruisín na Mainíoch ar feadh bliana agus d'foghlaím mé go leor uaidh. Bhí an obair garbh



agus b'fhacthas dom go gcaithfeadh sé go raibh níos mó ná sin a d'fhéadfaí a dhéanamh le éadach.

Chuaigh mé go Londain ina dhiaidh sin. Bhí a fhios agam céard a bhí uaim. Chuir mé romham fáil amach faoi na táilliúirí agus tithe faisin i Londain. Fuair mé an leabhar seo "Tailor and Cutter", sraith iris míosúil ina mbíodh eolas go leor ann faoi dheardh faisin, faoi na táilliúirí agus na tithe móra faisin i Londain. Scríobh mé chuig teach táilliúireachta McKenzie i Saville Row, ba orthu is mó a bhí cáil ag an am. Dúirt mé go raibh sé chomh maith dom tosú ar bharr an dréimire ach ní ➤

raibh aon cheapadh agam go bhfaigheadh mé scéala ar ais. Fuair mé scéala sách tobann uathu ag iarraidh orm teacht chuig agallamh. Chuaigh mé go dtí an oifig i Sloane Street, tugadh isteach mé agus is ar mo lámha a breathnaíodh ar dtús. Ní raibh mé ag ceapadh go dtógfaí mé, ach go gairid ina dhiaidh fuair mé scéala go dtógfadh agus chaith mé dhá bhliain go leith ansin ag foghlaim na ceirde.


D'íoc siad go maith, £12 sa tseachtain an phá a bhí mé a fháil ag an am. Bhí mé ag obair le gach cineál éadaigh - olann, gaberdín, síoda, línéadach agus mohair. Bhí gach cineál meaisín ann, ní raibh aon chleachtadh agamsa air seo. Meaisín amháin a bhí i gcomhar gach cineál oibre agam roimhe seo. Ach bhí an chuid is mo den obair lámhdhéanta, is ar an obair lámhdhéanta is mó a bhí meas.

Is i Saville Row a bhí go leor de na tailliúirí agus tithe faisin, ach ba ar McKenzie is mo a bhí cáil.

Is chuig McKenzies a thagadh fir an teaghlaigh ríoga, go mór mór *King George* ag fáil cultacha agus cótaí móra déanta. Bhíodh mé le mo mháistir i gcónaí nuair a bhíodh sé ag tógáil miosúir agus ag tomhas na gcustaiméirí. Bhí mé ag iarraidh gach rud a fhoghlaim. Bhíodh mé leis nuair a bhíodh sé ag miosúr don rí nó don bhanríon, an *Queen Mother*. Dúirt an rí liom lá agus mé in éineacht le mo mháistir ag tomhas cóta mór a bhí á dhéanamh dó "tá go leor le foghlaim fós agat faoin gceird".

Lá eile agus mé i mo shuí síos ag fuáil chuir sé ceist orm an é sin gúna na banríona a raibh mé ag obair air. Chuireadh sé caidéis ort i gcónaí agus bheadh cúpla focal aige leis na h-oibrithe. Bhí an *Queen Mother* go deas agus cainteach. Dhéanadh muid gúnaí agus sciortaí di. Bhíodh go leor de na gúnaí galánta, déanta as síoda, éadach a bhí an-deas le n-oibriú leis. Is beag de seo a bhí déanta ar mheaisín, obair láimhe ar fad. Bheadh ar an tsnáithid a bheith mín caol agus snáth mín síoda agus greamanna beaga bídeacha, bheadh ort iad a chur i bhfolach, ní thógfaí ach snáth amháin d'fhith an éadaigh i ngach greim.

Thógadh sé ceithre go dtí ocht lá ort gúna fada síoda a lámhfhuáil ag brath ar an stíl. Bheadh ort do lámha a níochán go minic ar eagla go bhfágfaí aon mharc ar an



Pucán Bharrett.

éadach. Mar riail níonn tú do chuid lámha gach uair an chloig nuair atá tú ag obair ar éadach go mór mór olann. Bhíodh clann na banríona ag teacht freisin, an bhanphrionsa Eilís atá ina banríon anois agus an bhanphrionsa Margaret. Dhéanadh muid cótaí dóibh.

Tar éis dhá bhliain go leath a chaitheamh anseo thug mé m'aghaidh go Bostún. Bhí sé i gceist agam dul ar scoil agus cáilíocht a fháil i ndearadh faisin. Fuair mé isteach san *Newbury Designing School*, an scoil a bhí i mBostún acu ach níor fhan mé ann ach b'fhéidir dhá lá. Is mó an t-eolas a bhí agamsa ná a bhí ag an múinteoir.

Chuaigh mé as sin go Chicago agus fuair mé isteach sa scoil faisin ansin an *South State School*. Tá sí dúnta anois. Chaith mé trí bliana ansin agus bhain mé amach céim máistreacht a dtáilliúireacht. Bhí ceithre scór sa scoil, dream as gach áit sa domhan. Mar gheall ar an taithí agus an traenáil a fuair mé i Sasana ní raibh orm tosú ag an tús mar a bhí ar go leor de na scoláirí.

Rinne mé cúrsa eile ina dhiaidh sin, mar chuid den chúrsa sin rinne mé staidéar ar an gcaoi a luíonn na cnámha, go mór mór sna guaillí. Tá go leor le déanamh ag na guaillí leis an gcaoi a dtiteann an t-éadach agus

ní mór é sin a thabhairt san áireamh. Freisin má tá duine a bhfuil cruit air nó uirthi nó cromshlinneánach, is féidir leis an seaicéad nó an leis an gcóta suí ceart ach é a bheith déanta don té sin.

Tar éis deich mbliana ag plé leis an táilliúireacht bhí a fhios agam cén tomhas a thógadh fear a bheadh ag siúl romham ar an tsráid. Bhí mé in ann pictiúir a thógáil i m'intinn dó. Mar shampla, an raibh ceann dá chuid guaillí níos ísle ná an ceann eile. Ní bheadh sé sin le tabhairt faoi deara nuair a bheadh an ball éadaigh gearrtha, tomhaiste agus déanta don té sin.

Bhí fonn taistil orm agus chuaigh mé go California, go Los Angeles agus San Francisco. Bhí mé ag iarraidh a fheiceáil cén chaoi a raibh an faisean sna háiteacha sin. I gCalifornia ní raibh an stíl chomh maith sin. Bhí an áit te agus is éadach éadrom *casual* is mó a bhí i bhfaisean.

I Los Angeles bhí ceannas ag dearthóirí faisin ón Eoraip ar an margadh agus ní raibh an caighdeán go maith. Tháinig mé ar ais go Chicago agus chuaigh mé ag obair don teach táilliúireachta *Rothschilds*. Duine de na custaiméirí is mó a bhí agam ansin ná Elvis Presley, fear an-deas a bhí éasca a shásamh. Níor lig mé cead riamh d'aon duine locht a fháil air. Cultacha lae is mo a bhíodh muid a dhéanamh dhó, ní dhearna muid tada dó i gcomhair an stáitse. Chuaigh mé go Nua Eabhrac ina dhiaidh sin.

Bhí cáil an fhaisin ar Nua Eabhrac. Bhí mé ag fáil obair ann éasca go maith ach dúirt mé go dtógfainn m'am. Tháinig mé ar ais go Sasana agus thug mé cuairt ar McKenzie's i Saville Row. Chuaigh siad ar chuile chaoi dom fanacht. Gheall mé dhóibh go gcaithfinn bliain i Nua Eabhrac ar dtús agus go mbeinn ar ais an chéad bhliain eile, rud a bhí rún agam a dhéanamh ach nár tharla.

Thug mé cuairt abhaile go Foirnis agus as sin ar ais go Bostún. Fuair mé obair ansin, ní i bhfad a bhí mé ann nuair a chonaic mé fógra ag *Lord & Taylors* i gceann de na leabhair faisin. Chuir mé *telegram* ag an gcomhlacht i Nua Eabhrac go raibh mé ag cuardú oibre. B'éigean dom dul go Nua Eabhrac chuig agallamh. Bhí triúr as an Iodáil freisin ar cuireadh agallamh orthu an lá céanna. D'éirigh liomsa an *job* a fháil.

Thagadh go leor de na réalta scannáin isteach go *Lord & Taylors* chomh maith le lucht gnó - Judy Garland, Greta Garbo, Burt Ives, Eddie Arnold, Perry Como, Tiny Tim agus iad uilig. Is í Judy Garland ab fhearr liom, bhí sé an-éasca í a shásamh. Gorm agus glas na dathanna ab fhearr léi.

Ní thagadh Greta Gaybor go dtí an teach faisin ar *5th Avenue*. Bhíodh orm dul go dtí an t-óstán ina mbíodh

sí. Bhíodh sí ina suí ansin ar chathaoir agus na céadta sampla d'éadach ar chuile thaobh di. Bhíodh sí ag súil le comhairle uaim maidir le céard is fearr a d'fheil í ó thaobh dath agus stíl. Ní raibh caint ar bith ar am ná ar chostas.

Bhí corr dhuine nárbh fhéidir a shásamh, is cuma céard a dhéanfá. Ní dhearna mé éadach do Liz Taylor riamh, ní raibh aon dream den lucht faisin ag iarraidh í a fheiceáil ag teacht. D'athraigh sí a h-intinn chuile leathuair, sin é an cháil a bhí uirthi, ní raibh a fhios aici riamh céard a bhí uaithe.

I stórtha móra ina gceannaíodh muid an t-éadach, bhíodh na rollaí móra seo a mbíodh thart ar cheithre mhíle slat éadaigh orthu. Bhí tú in ann an méid a bhí uait d'aon chineál a ordú, thart ar cheithre nó chúig chéad slat de dhathanna difriúla. Tháinig an síoda ab fhearr ón Talamh Naofa, ón tSeapáin agus ón tSín. Thógadh culaith fir ag brath ar airde ó thrí go leith go dtí ceathair go leith slat éadaigh. Dá mbeadh línte nó cearnóga san éadach bheadh níos mó ag teastáil.

Thógadh sé thart ar thrí uair go leith pátrún a dhéanamh. Sula leagfaí pátrún ar an éadach bheadh ort spúinse a chur air chun é a dhéanamh tais agus ansin é a rothlú suas agus é a fhágáil ar feadh trí nó cheithre lá leis an t-éadach a ghiorradh roimh ré. Bheadh ort ansin é a phreasáil le hiarann agus gail. Nuair a thoisfeá an t-éadach ansin bheadh a fhios agat cé méid orlach a ghiorraigh sé. Seaicéad an ball éadaigh is deacra le déanamh. Cnaipí airgid agus cnaipí déanta as cnámh is mo a bhíodh i seaicéid. Bhí cnaipí daor, suas le \$15 an ceann ar chnaipí airgid. Chosnaíodh cnaipí i gcomhair culaith fir \$300.

Sheas an traenáil a fuair mé in Éirinn agus i Sasana go maith domsa, ní hamháin go raibh mé in ann dearadh a dhéanamh, bhí mé in-ann an t-éadach a ghearradh, a thomhas agus a fhuáil. Go leor den dream a bhíodh ag dearadh faisean ní raibh aon scileanna fuála acu. Ar dhearadh amháin a bhí béim sna coláistí faisin. Dhéanfainn taisteal go leor don chomhlacht, théinn go California, Washington, New Jersey, Chicago, Pennsylvania agus go Bostún ag léachtóireacht sna coláistí faisin agus sna tithe táilliúireachta.

Ní dhearna mé aon obair do na Kennedys. Ní raibh an comhlacht ag iarraidh aird a tharraingt orthu fhéin go mbeadh siad ag taobhú le haon pháirtí polaitíochta. Tá a fhios agam go bhfaigheadh John Kennedy cultacha déanta in Éirinn. Bhí cáil mhór ar dhearthóir faisin as Éirinn Sybil Connolly i Nua Eabhrac sna 60aidí. Bhí an-mheas uirthi i Nua Eabhrac. Dhearadh sí faisean do Jacqueline Kennedy. Bhí mé ag saothrú \$85,000.00 sa mbliain i 1970. Fuair mé an gradam *Man of the Year* agus tá sé sin faighte agam cúpla uair ó shin.

Bhí scaranna sa gcomhlacht agam agus tháinig mé go Bostún chun tithe faisin Lord & Taylors a oscailt ansin.

Is ann atá cónaí orm anois le fada. D'oibrigh mé do Lord & Taylor i mBostún agus tá mó lipéad fhéin agam **T. Barrett of Boston**. D'oibrigh mé uaireanta fada, ón 6.00 ar maidin go dtí a 2.00 arís ar maidin.

Bhí mé chun comhlacht de mo chuid fhéin a bhunú i mBostún nuair a bhuail babhta tinnis mé. Bhí obráid mhór orm. Fuair mé *kidney transplant*. Is í mo dheirfiúr a thug an duán dom, tá sé sin deich mbliana fichid ó shin. Déanadh scéal mór de i mBostún ag an am. Bhí muid sna nuachtáin agus ar an teilifís. Ní raibh obráid den tsórt sin chomh coitianta sna blianta sin.

Is éard ba chúis leis an rud ar fad ná nuair a bhí mé i mo ghasúr ag éirí suas bhíodh mé fhéin agus gasúir an bhaile ag toraíocht neadacha éan san Earrach. Bhí mé thuas ar seanbhalla tí agus thit mé agus thit an balla orm. Ghortaigh mé mo chos go dona. Ní mórán a bhí siad in ann a dhéanamh ag an am sin. Roinnt blianta ina dhiaidh ghortaigh mé mo chos arís. Bhí sí lag i gcónaí ón gcéad ghortú.

Cuireadh chuig an ospidéal i nGaillimh mé áit ar chaith mé tamall agus nuair a scaoileadh abhaile mé ní raibh mé in ann mo ghlúin a lúbadh ar chor ar bith. Dúradh liom san ospidéal i mBostún go mba é seo ba chionsiocair leis an duán a bheith go dona, cnámh i mo cheathrú a bhí as áit a bhí ag brú ar an duán agus a rinne an damáiste.

Mar chaitheamh aimsire ar ndóigh bhí an-spéis agam sa bhfarraige. Bhínn ag seoltóireacht i bpúcán Bharrett in éineacht le mo chuid deartháireacha agus bhuaigh muid geallta. Tagaim abhaile gach bliain le haghaidh rásaí Chuigéil. Sna chéad bhlianta a raibh mé i mBostún rinne mé cúrsa leis an nGarda Cóta. Bhí dhá scór ar fad ar an gcúrsa, ina measc beirt chailíní as Dún na nGall. Ar bhád a bhíodh ag tarraingt saighdiúir don Fhrainc aimsir an chogaidh a bhí an cúrsa á reáchtáil.

Chlúdaigh sé gach gné d'obair loingseoireachta. Bhain mé an-sásamh as agus bainneann i gcónaí as imeachtaí farraige. Bhí an-suim agam i dtomadóireacht agus i snámh. Rinne mé cúrsa tomadóireachta, sabháilteacht ar uisce agus CPR. Is minic a tháinig sé isteach *handy* sa linn snámha.

Bhí bád agam i mBoston, bád pléisiúir tríocha troigh, bhí áit do thríúr codladh uirthi. *Daighinis* an t-ainm a thug mé uirthi. Bhíodh sé de nós ag roinnt bád dul amach le chéile ag an deireadh seachtaine ag iascach agus fanacht ar na báid thar an deireadh seachtaine agus cóisir a bheith acu.

Rinne mé póitín freisin i mBostún, duine éicint a bhí ag fiafraí díom an raibh mé in ann é dhéanamh. Dúirt

mé go raibh má bhí i gconaí. Fuair mé ábhar *worm* agus chas muid thíos sa siléar é. D'éirigh linn pota is caipín is chuile ní a chur le chéile agus fuair muid eorna a bhí bruite cheana i gcomhair leanna. Cheithre ghalún poitín a bhí againn. Bhí sé go maith a deir siad, cé nach bhfuil a fhios agam cén blas a bhí air, níor ól mé aon deoir riamh.

Bhí baint agam le bunú an Irish Social Club i West Roxbury agus chaith mé blianta ar an gcoiste. Bhí mé i m'uachtarán ar feadh deich mbliana. Is halla breá é, tá seacht gcéad duine in ann suí ann ag béile. Bhíodh go leor imeachtaí ar siúl ann agus bíonn i gcónaí. Bhí mé gníomhach i bhfeachtais go leor. Bhí an-bhaint agam leis an bhfeachtas bailiúcháin airgid don *Remedial Clinic* i gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath. Is í Lady Goulding a chuir tús leis. Tháinig sí go Bostún ag iarraidh tacaíocht chun fearais leighis agus trealamh a cheannach don chlinic. Ar feadh blianta reachtáil muid imeachtaí sa chlub le hairgead a bhailiú di. Ba bhean iontach í, thugadh sí cuid den dream a gcuirte cóir leighis orthu sa gclín amach go Bostún le castáil linn.

Bhí mé blianta ar choiste an *Rose of Tralee* i mBostún. Bhíodh sé de chúram orainn cailíní a roghnú ó na clubanna éagsúla. Bhínn leo nuair a théadh siad ag ceannach gúnaí i gcomhair na hócáide. Is cuimhin liom cailín amháin "Meg Sullivan" a bhain an gradam amach i dTrá Lí. Bhí mé ar an *Late Late* ag Gay Byrne blianta ó shin, agus rinne RTE clár liom i mBostún.

Is maith liom drámaí, bhainfeadh mé an-sásamh as na drámaí a thagadh amach as Éirinn go mór mór na drámaí a thug Cólín Ó Maoilchiaráin amach. Thugadh muid cúnamh dóibh an dráma a eagrú agus le poiblíocht a thabhairt dó i mBostún. Tá mé ag déanamh roinnt oibre i gcónaí, ní bheinn in ann fanacht amach uaidh. Tá roinnt custaiméirí agam i gcónaí a ndéanann mé cultacha dóibh. Cé go bhfuil mé éirithe as obair le Lord & Taylors, faigheann mé glaoch go Nua Eabhrac minic go maith uathu má bhíonn deacracht éicint le gearradh nó le tomhas dhuine éicint.

Bhí saol maith agam, taobh amuigh den obráid duáin bhí mo shláinte go maith. Tugann mé cuairt abhaile go Foirnis cúpla uair sa mbliain. Déanaim cuid mhaith taistil nuair a bhíonn mé sa mbaile. Is maith liom a bheith ag tiomáint, tugaim cuairt ar ghaolta agus ar chairde. Tá athrú mór tagtha ar an saol i gConamara - tá sé go maith, buíochas le Dia tá chuile shórt.

Geamairacht an Phléaráca 2003



'Oisín'

Aisteoirí agus lucht stáitse ag teastáil!

Giorraigh an Geimhreadh duit féin in éineacht le Fionn agus na Fianna.

Glaigh ar:

091-574346/574021

Bealach - Comhpháirtíocht Iompair Áitiúil Chonamara

Is comhlacht nua é Bealach - Comhpháirtíocht Iompair Áitiúil Chonamara, a bunaíodh le scéim phiolótach iompar áitiúil a chur i bhfeidhm i gConamara. Bunaíodh é le tacaíocht ón Tionscnamh Iompair Tuaithe atá mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta.

Tá Éamon Ó hÉanaigh, Údarás na Gaeltachta agus Morgan Ó Concubhair CUMAS Teo. freagrach as comhordú Bealach i nGaeltacht Chonamara.

Tá Bealach ag cur deich mbealach taistil ar fáil in iarthar Chonamara - siar ó Chasla, Scríob, An Teach Dóite agus An Lónán agus i gCeantar na nOileán, an Cheathrú Rua, Casla, Camas, Ros Muc, Carna agus Dúiche Sheoigeach. Seirbhís don phobal i gcoitinne atá i mBealach agus déanann muid freastal ar dhaoine le riachtanais speisialta freisin fad agus go bhfuil áiríthint déanta acu roimh ré.

Is seirbhís áitiúil ag freastal ar dhaoine áitiúla é Bealach le busanna áitiúla ag tabhairt nearnhspleáchais do mhuintir na tuaithe agus na Gaeltachta taisteal taobh istigh dá gceantar féin.

Ta an tseirbhís saor in aisce ar fáil do dhaoine os cionn 66 nó a bhfuil saorphas taistil acu agus é ar leathphraghas do dhéagóirí faoi 16 bliain d'aois. Tá os cionn 90% de sheirbhísí Bealach €2 nó níos lú maidir le turas singil. Tá líon na bpaisinéirí ag méadú ag ráta 30 paisinéir in aghaidh na míosa ó bunaíodh an scéim.

Faoi láthair tá Bealach ag eagrú seirbhísí in Inis Mór agus in Inis Meáin agus ag féachaint ar riachtanais taistil i gCeantar Chois Fharraige.

Má tá riachtanais taistil i do pharóiste is féidir teagmháil a



Yvonne Keane, Forum, Éamon Ó hÉanaigh, Údarás na Gaeltachta agus Morgan Ó Concubhair.

dhéanamh le Morgan Ó Concubhair CUMAS Teo. 091-574353 nó Éamon Ó hÉanaigh in Údarás na Gaeltachta 091-503273

An chaoi le húsáid a bhaint as na seirbhísí bus i do cheantar

Le húsáid a bhaint as na seirbhísí nua seo beidh ort a bheith i do bhall de 'Bealach'.

Is féidir é seo a dhéanamh trí ghlaoch a chur ar Threasa ag 095 31966.

Is féidir le haon duine a bheith ina b(h)all.

Is é an táille ballraíochta an chéad bhliain ná €5 agus tá €1 le n-foc ag lucht an tsaor thaistil.

Chun taisteal ar ár gcuid seirbhísí:

Beidh ort suíochán a chur in áirithe roimh ré trí ghlaoch a chur ar 095 31966 ach má bhíonn tú ag

taisteal gach seachtain ní gá glaoch ach amháin mura bhfuil ar do chumas taisteal, mar shampla má bhíonn tú tinn.

Caithfear ticéad a cheannacht roimh ré ó cheann de na hionaid miondíola. Is féidir eolas a fháil faoi na hIonaid seo ag 095-31966. (Ní féidir táillí a bhailiú ar an mbus féin de bharr cúinsí dlí.)

Beidh lucht an tsaor thaistil i dteideal ticéid a fháil chun taisteal saor in aisce.

Ba mhaith le coiste stiúrtha Bealach buíochas a ghlacadh le Pléaráca as ucht an tseirbhís Bealach a reachtáil ar an Aoine i gceantar Ros Muc agus i gceantar Chamais a théann chomh fada le Casla agus leis an an gCeathrú Rua.

Morgan Ó Concubhair
Bealach & Cumas Teo.



bain leas

Cibé riachtanas taisce nó infheistíocha atá agat, tá réimse leathan de roghain ag Banc na hÉireann duit.

Le tuilleadh eolais a fháil, buail isteach chuig Banc na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, fón: (091) 524555.

Nó, dean teagmháil le Banking 365 ag 1890 365 365 nó tug cuairt ar www.bankofireland.ie

as do chuid airgid

Terms & Conditions Apply
Bank of Ireland is licensed by the Central Bank of Ireland.

Banc na hÉireann



Neylon & McGinty 58 Sráid Doiminic Íochtar Gaillimh

Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe
Comhairle Airgeadais
Pleanáil Cháin
Iarratas ar Dheontas Stáit agus Iasachtaí
Bhainc
Bunú agus Rúnaíocht Chomhlachtaí

Déan teagmháil ar do thoil le Joe Neylon nó Cyril McGinty

Teil: 091-563139

Faics: 091-566283

Ríomhphoist: info@neylonmcginty.ie

Le gach dea ghruí don Phléaráca

TAISTEAL NA CRUINNE

Taisteal na Cruinne

Aonad 4
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Fón: 09-1-553149/504997 Facs: 091-553289
www.tnc.ie
coleman@tnacwslmail.com

IATA itaa

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

**Grósaer, Crua-earraí,
Soláthraí Tógálaithe
Éadathóireacht**

TRÉIMHSE AR CHNOC

le Micheál Mac Con Iomaire

Thosaigh mise mo shaol múinteoireachta i Scoil Lorcáin, scoil lánGhaelach ar an gCarraig Dhubh i mBaile Átha Cliath, ar an gcéad lá de mhí Iúil 1955. Ba ríméadach an fear mé, mar ag an am sin bhí tuarastal dhá mhí saoire an tSamhraidh le fáil ag múinteoir dá mbeadh tús, go fiú lá amháin oibre, déanta aige sa scoil roimh dúnadh i gcomhair na saoire.

Leathlae a rinne mise agus ba é mo chuid oibre ná aithne a chur ar na daltaí agus bosca mór milseáin a thug an Príomh-Oide dom a roinnt amach orthu. Bhí sé bliana fada caite agam ag tnúthán leis an gcéad lá seo i mo ghairm nua. Ba mé an chéad fhear ar fhoireann na scoile seo.

Bhí an lá go hálainn, bhí foireann na scoile go hálainn, bhí na gasúir go hálainn agus cheap mé nach bhfeicfinn lá bochtaineachta le mo bheo arís. Chaith mé an chuid eile den Samhraidh sin ag obair leis an bpiocóid agus leis an tsluasaid i Sasana - seacht lá na seachtaine. Nuair a tháinig mé ar ais chuig mo phost nua i mí Meán Fómhair, bhí an nÓca teann agus tuarastal

hAoine - iontach spéisiúil domsa ag an gcéibh sin. Bhí neart agus togha na Gaeilge le cloisteáil ansin agus ní raibh aon chall domsa ceist a chur cá mb'as na Gaeilgeoirí sin, ná go deimhin cá raibh a dtriall. Bhí óg agus méanaosta ina measc agus cuid mhaith súile dearga freisin. Agus nuair a chuir an bád bán cúpla búir aisti agus tharraing sí amach ón gcéibh bhí rabharta eile Gaeilgeoirí bailithe leo ag fátal a gcodach. Ach bheadh lastas eile acu ann an tseachtain seo chugainn agus an tseachtain ina dhiaidh sin. Bhí bánú aisteach ag tarlú thiar.

An pictiúr a chuir áthas ar mo chroí na chéad cúpla seachtain, bhí sé ag éirí an-ghoilliúnach anois. Bhí athrú aigne tagtha orm faoin tsaoire a cheap mé bliain roimhe seo a thug an bád bán céanna do mo chomhghleacaithe ag baile, nuair a bhí mise gaibhnithe i gColáiste, ag staidéar, agus ag faire ar chúpla scilling ón mbaile. Rith sé liom go raibh tromlach na scoláirí a bhí in aon rang liom i Ros-a-Mhil (nó Scoil na nDoireadha ag an am) imithe ar imirce. Ní mha easna éirime ba

staidéar agus obair bhaile a dhéanamh. Ba é meath do chine theacht abhaile ón scoil tráthnóna agus locht a fháil ar an múinteoir ná inseacht go bhfuair tú gríosáil an lá sin. Sea! Ba í an scoil agus an t-oideachas cheap mé, fuascailt na faidhbe seo ar bhánú na himirce. Meas tú dá dtéadh fear siar agus iarracht a dhéanamh é seo a chur i gcion? Nach raibh sé cruthaithe ag baile agus ag scoil dom féin gurbh é an dearcadh seo ba chúis leis an aoibhneas a bhí agam féin anois. Meas tú?

Bhí taobh eile ar an scéal freisin. Ba mise ba shine de dheichniúr clainne, cuid acu i gColáiste agus an chuid eile acu ag baile. Bhí an t-airgead gann agus mura mbeadh de bhrabach orm thiar ach luach mo lóistín, ba mhór an chabhair é ag an am.

Seo iad na smaointe a bhí ag rith trí mo cheann ar feadh bliana i mBaile Átha Cliath agus mé fós ag baint só mo chroí as saol sóisialta na cathrach - Páirc an Chrócaigh, neart hallaí damsha, pictiúrlanna, amharclanna agus cúigear ban in aghaidh gach fear



Scoil Chnoc Chathail Óig, Leitir Mealláin.

bliana 1957 thug mé m'aghaidh ar Chnoc Chathail Óig - aistir naoi nó deich de mhílte as Casla. Ní raibh agam ach sean-ghligear de rothar agus ní ligfeadh sé luch as poll ag báisteach.

Bhí culaith bháistí orm agus bhí mé ag báthadh allais nuair a bhí mé thiar. D'isligh mé den rothar ag an airdín géar roimh gheata na scoile agus chonaic mé an t-iontas.

Chonaic mé an bhean ab airde agus ba thanaí dá bhfaca mé riamh roimhe sin ina seasamh i lár an bhóthair romham.

"Do chéad fáilte a mhaicín" a deir sí "agus go n-éirí an t-ádh leat anseo". Chuir sí an dá láimh fhada siúd timpeall orm agus bhain sí staic de phóg díom. Ba í

seomra, cótaí a ch ar an tao "Preibí" rud amha - bhí sí chladaig Bearacha chuain. freisin. teanntas dtosach acu an ch

Ca T a S C ag obair ceart ma



Turas gaolta Huddersfield go Tír an Fhia 2003



Ann Folan, inion le Mícheál
Bheartla Shéamuis



Máire Folan



Gaolta is
cairde
bailithe
taobh
amuigh
d'Óstán
Charna,
thuas.

Ar chlé:
Máire,
Emma
agus Nóra
Dhúgáin



Ó chlé: Joe Ó Catháin, Máire Uí Chatháin, Brid Uí Thuathail agus Jude Uí
Ógáin.



freisin. Bhí caisíneach ite ag cuid acu. Ba dheacair do bhealach a dhéanamh tríothu ó shiopa Mhic Eochagáin siar go crosbhóthar. Bhíodh scála mór ag an gceannaitheoir ar thaobh an bhóthair, mar de réir an mheáchain a dhíoltaí iad. Seans maith nach bhfaighfeá dhá mhuc ins na hoileáin ar fad anois. Cheannaigh mé carr beag "Morris Minor" an Samhradh sin agus bhí mé ar mhuin na muice ceart anois.

Ach ba ghearr go raibh an t-urlár dóite aisti ag aigéad na gcadhanraí fliucha a bhíodh á n-úsáid i gcomhair an raidió san am. Nuair a bhídís rite síos, chaití iad a thabhairt chuig an ngaráiste le beos a chuir iontu arís nó iad a chargeáil!

Ba tigh Mháirtín Bán, i nDoire Né, a dhéantaí an gnó seo agus ba ormsa a chúirtí de chúram a n-iompar aniar agus siar aríst. Bhuel! nuair a d'fheicinn asal ar an mbóthar agus é ag déanamh orm ar luas na trí scóir, chaithfinn stopadh go tobann. Ní fhanadh deoir ins na cadhranraí, ná san asal ach an oiread - scaití!

Is cuimhneach liom maidin amháin ag déanamh siar ar an scoil, nuair a chonaic mé na gasúir ar fad in aon bhuilcín amháin thíos sa gcladach. Ba bheag nár stop mo chroí ar fhaitíos na timpiste. Ach nuair a shroich mé chomh fada leo, céard a bheadh acu ach rón istigh ina lár ar an gcarraig, in áit ar imigh an taoille uaidh. Bhí scéin ins an gcréatúr. Nuair a bhí sé scrúdaithe go maith againn chuir muid i bhfarraige arís é.

Lá eile, nuair a tháinig na gasúir isteach tar éis am lóin, chonaic mé leadín beag le Páraic Dharach thíos sa gcladach, é cromtha síos ar a ghogaide i lochán agus gan cor as. Níor lig sé air féin gur

chuala sé ag teacht mé nó go raibh mé cúpla soicind i mo sheasamh os a chionn. "Crom anuas a mháistir" a deir sé, "nó go bhfeicfidh tú é seo". Ag beathú Bundún Leice le Ribe Róibéis beo a bhí sé. Bhí drioball an ribe ina bhéal ag an mBundún agus é dá shú leis. "Fan go bhfeicfidh tú seo anois a mháistir" a deir mo dhuine. Chas sé an Ribe Róibéis thart agus chuir sé a chloigeann ag pus an Bhundúin. Níor dhrann an Bundún leis, riamh ná go brách nó gur chuir sé drioball an Ribe ar ais arís ag a bhéal. Cheap mé go raibh eolas ar an gcladach agam ach ba é sin an chéad uair riamh a fuair mé amach go raibh béal ar Bhundún Leice. An scoláire ag cur scoile ar an múinteoir.

Bhí, agus tá fós, trí bhaile fearainn i gceantar na scoile seo - na hUaimíní, An Cnoc agus an Muileann - An Cuarbhóthar Thuaidh a thugainnse air, le céim galántachta a bhronnadh air. Ba é dearcadh mhuintir an cheantair orthu féin go raibh siad beagán ní ba shíbhialta ná na ceantracha máguaird agus ba mhór an chúis bróid dóibh é sin, bíodh sé fíor nó bréagach. Bhíodh siopa ag Cóilín Ó Maolchiaráin trasna an bhóthair ón scoil agus a bhean Bairbre go lách ar chúl an chúntair.

Bhí saor báid ar an oileán - Máirtín Chóilín Choilimín Seoighe. Bhí Josie Bheairtlín tharr barr ag déanamh seolta. Bhí Micheál Ó hEidhin nó Michaelín Mháire Phenna ag breathnú i ndiaidh cúrsaí polaitíochta. Chuaigh Gleoitóig Chóilín Joe agus Púcán Pháraic Dharach síos i stair na n-amhrán pobail, agus ar ndóigh ní raibh máistir Pháraicín Mhaidhlín le fáil le haghaidh craiceann a chur ar scéal. Ba ag

cailín beag de Mhuintir Chúláin as na hUaimíní a chuala mé an chéad leagan riamh den sean-amhrán breá sin "An Aill Eidhneach" agus b'álainn uaithi é a chasadh freisin. Bhí cúis bróid acu agus tá súil agam gur amhlaidh dóibh inniu.

Nuair a d'fhág Siobhán Ní Mhóráin an scoil is í mo bhean chéile, Caitlín, a tháinig i bhfeighil na mbunranganna. Chuir sise tús le drámaíocht sa scoil. Bhuaigh siad comórtas na nOileán leis "An bhFeairín Beag" agus fuair siad an chéad áit in Éirinn ag Slógadh leis an "An gCircín Bheag Rua".

Mhúin mé deartháir agus beirt dheirfiúr liom féin sa scoil sin agus blianta ina dhiaidh sin chuaigh seisear dár seachtar clainne féin tríd an scoil. Bhí sé an-spéisiúil domsa blianta ina dhiaidh sin arís, gur tháinig beirt de mo chuid iarscoláirí i Ros-a-Mhíl ag múineadh sa gCnoc - Connie Ní Phátharta as Cladhnach agus Cathal Ó Frighil, an fear atá ar an stiúir ansin faoi láthair.

Chaith mé seacht mbliana deag i Scoil an Chnoic. Ní dhearna mé dearmad riamh ar chéibh Dhún Laoghaire ná ar an mbád bán, ach ní raibh mé ag feiceáil mórán toradh ar mo bhrionglóid thiar ach an oiread. Bhí cúrsaí eacnamaíochta feabhsaithe cinnte agus maolú mór ar an eisimirce. De réir a chéile tháinig meas níos fearr ar an oideachas. Chroch mé mo sheolta i Márta 1974 agus soir liom go Ros-a-Mhíl. Tá cuimhní deasa agam i gcónaí ar an gceantar thiar agus

Tugam buíochas is beannacht, anois is go deo, dár mhair is dá maireann i gCnoc Chathail Óig.

Grúpa Siúlóide Chonamara



Darunee Kliangkiao, Seán ó Srutháin, Irene Ní Nualláin.

Le cúpla bliain anois tá grúpa beag daoine i gConamara ag teacht le chéile uair in aghaidh na seachtaine le aghaidh a thabhairt ar na sléibhte.

Buaileann muid le chéile tar éis na hoibre (go hiondúil ag an Teach Dóite), caitheann muid uainn na cultacha oibre agus cuireann muid orainn na buataisí siúlóide le tabhairt faoi cheann de na Beanna Beola nó sléibhte Mhám Tuirc.

Bhí séasúr breá againn i mbliana agus is annamh a bhí an braon báistí féin againn. Sé a mhalairt a bhí ann scaití, teas agus a ghabhann leis - míoltóga agus creabhair. Ach bhí siúlóidí iontacha againn, i gConamara, an Bhoireann agus ceann amháin in Inis Mór, tar éis turas báid scioptha.

Bhí comhlúadar den scoth ann freisin, agus ní muintir Chonamara amháin, mar bhí daoine ann ó i bhfad ó bhaile, ar nós Poblacht na Seice, An Téalainn, an Ostair agus fiú duine rialta ón Muileann Cearn.

Beidh an grúpa ag teacht le chéile do shiúlóid dheiridh an tséasúir le linn seachtain Phléaráca.

Má tá suim agat bheith linn, beidh muid ag castáil le chéile ag Tigh Pheacock ag 2.30 ar an gCéadaoin 8ú Deireadh Fómhair. Tabhair leat buataisí maithe láidre, éadaí báistí agus lón. Má tá éileamh air, beidh siúlóid níos éasca ann dóibh siúd nach bhfuil in ann do na cnoic. Le haghaidh tuilleadh eolais (nó i gcás droch aimsire ar an lá) is féidir glaoch ar 087- 2253196 nó 087-2359756

Arramara Teo.

Cill Chiaráin,
Conamara,
Co na Gaillimhe



Fón

095 33404/33417

Facs

095 33494

e-phost: info@arramara.ie

www.arramara.ie



pobal



forbairt



teanga

cultúr



*ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>